CREATING OUR FUTURE

A National Conversation on Research in Ireland

# ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’: Tuarascáil an Fheachtais





An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science


OUR
FUTURE


CREATING
OUR
FUTURE
I'VE HAD A GREAT IDEA FOR #CreatingOurFuture


WWW.FLYINGELEPHANT.IE
ELEPHANT
Live Events | Custom Builds | Production


permanent tsb
WE'VE SUBMITTED AN IDEA FOR #CreatingOurFuture


to Be Kind
to Be Posivt
to Be happy

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá ón Taoiseach, Micheál Martin TD** | **4** |
| **Réamhrá ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD** | **5** |
| **Ráiteas ó Chathaoirleach an Fhóraim Chomhairligh** | **6** |
| **Ráiteas ó Chathaoirleach an Choiste Saineolaithe** | **6** |
| **Achoimre Fheidhmeach** | **7** |
| **Achoimre an Fheachtais** | **10** |
| Cad is rud é 'Ag múnlú ár dTodhchaí'? | 10 |
| Cad é a bhí iarrtha ar an phobal? | 13 |
| Moltaí agus na chéad chéimeanna eile | 14 |
| **Aistear an Fheachtais** | **18** |
| Amlíne an Fheachtais | 18 |
| Ag tógáil agus ag cothú na feasachta agus na rannpháirtíochta | 19 |
| Cén dóigh ina raibh an pobal in ann rannpháirtíocht a dhéanamh? | 23 |
| **Rialachas agus Comhpháirtíocht** | **31** |
| **Ag Anailísiú agus ag Comhtháthú Guth na hÉireann** | **34** |
| **Ábhair Machnaimh** | **36** |
| **Buíochas** | **38** |
| **Aguisíní** | **39** |
| Ballraíocht an Choiste Stiúrtha | 39 |
| Ballraíocht an Fhóraim Chomhairligh | 39 |
| Ballraíocht Fhochoiste an Fhóraim Chomhairligh | 42 |
| Ballraíocht an Choiste Saineolaithe | 42 |
| Ambasadóirí | 42 |
| Baill Ghrúpa na Glúine Z | 42 |

# Réamhrá ón Taoiseach, **Micheál Martin TD**



Tá Éire mar cheannasaí domhanda i roinnt réimse faoi láthair, agus múnlaítear ár sochaí agus geilleagair nua-aimseartha de bharr ar sin. Is croílár le haghaidh nuálaíocht dhomhanda í Éire i mbunréimsí anois, dá leithead teicneolaíochtaí cumarsáide agus feistí leighis. Is mar gheall ar nuálaíocht nua-aimseartha, nach raibh ar fáil in Éirinn fiú 20 bliain ó shin, go bhfuil raon mór de chomhlachtaí móra anseo agus na mílte Éireannach fostaithe acu, mar aon le cánacha a íoc, beart a chuidíonn lenár saolta sochaíocha, cultúrtha agus eacnamaíocha.

Níor tharla an t-athrú seo de thaisme, bhí sé bunaithe ar ghealltanas fadtéarmach inmharthana roimh Éirinn agus í mar ionad domhanda le haghaidh smaointe nua a ghiniúint trí chúrsaí taighde agus nuálaíochta.

Ní raibh mórán tacaíocht in Éirinn do chúrsaí taighde agus nuálaíochta sna blianta seo a chuaigh thart, agus ní raibh dath ar bith ar fáil 25 bliain ó shin. Athraíodh sin dá réir a chéile agus cumadh córas tacaíochtaí nua. Ag an tús, díríodh ar líon beag de réimsí thús áite náisiúnta, ach ina dhiaidh tamall, glacadh cur chuige níos doimhne - agus ba é an bunchuspóir a bhí ann ná chun maoiniú a thabhairt ar smaointe maithe, cibé áit ina raibh siad ag teacht. Seasann sé sin dár ngealltanas iomlán fós - bíonn bunús leathan de shaineolas de dhíth ar chórais chruthaitheacha agus nuálacha ar fad agus caithfidh siad aghaidh a thabhairt ar an inoiriúnaitheacht i gcónaí.

Dá mbeimis ar an eolas faoi rud amháin, is é sin nach mór againn rath s'againn - agus chun an tír a choinneáil ag an bhuntábla, caithfear taighde agus nuálaíocht a bheith chun tosaigh gach aon uair

Sin an fáth go bhfuil tábhacht ar leith ann maidir le ham a ghlacadh chun rannpháirtíocht leathan a spreagadh trí thaighde agus nuálaíocht.

Sheol an rialtas an feachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' mar gheall ar sin. Tá ríméad orm go raibh an méid rath sin againn ó thaobh rannpháirtíocht a dhéanamh agus ardán a thabhairt don phobal de maidir leis an ról a n-imríonn agus a n-imreofar taighde agus muid ag tabhairt aghaidh ar dheiseanna, ar dhúshláin agus ar ábhair dhóchais san am amach romhainn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabhail le gach uile rannpháirtí.

Is tús áite don rialtas é forbairt bhreise thaighde den chéad scoth na hÉireann. Cuireadh léargasanna tábhachtacha ar fáil toisc ar 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus is féidir le taighdeoirí agus lucht déanta polasaithe obair reatha a chur chun cinn, mar aon le haird a thabhairt ar iarrachtaí nua sa todhchaí, bunaithe ar thuairimí na ndaoine.

Is cinnte go raibh tasc ollmhór ag an Choiste Saineolaithe agus ag na Meithleacha maidir le hanailís a dhéanamh na 18,000+ aighneacht, agus is de dheasca rannpháirtíocht dhíograiseach agus freagairt fhonnmhar an pobal gur tharla seo. Léiríodh guth an phobail go soiléir dúinn agus a dtuairimí ó na haighneachtaí trí thuarascáil an Choiste Saineolaithe. Seasfaidh an bunachar sonraí de smaointe iad seo mar fhoinse de léargasanna, faighte ag pointe áirithe in am, agus spreagfaidh sé sin cúrsaí taighde amach anseo in Éirinn go cinnte.

Bhí roinnt dúshláin suntasacha idir lámha againn, mar shampla an phaindéim COVID-19, agus athraíodh cuid mhór rudaí idir an dá linn, ach tig linn machnamh a dhéanamh ar an taithí comhroinnte seo chun sochaí s'againn a fheabhsú, a fhad is go dtabharfaidh muid tacaíochtaí do smaointe agus do chúrsaí nuálaíochta ar bhonn náisiúnta, agus ar bhonn áitiúla fud fad na tíre, thar na hearnálacha (na hEalaíona agus cultúr, spórt, talmhaíocht, muirí agus eile) ar fad ar son leas na ndaoine in Éirinn.

# Réamhrá ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, **Simon Harris TD**



An fhís a bhí againn sular sheoladh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ná gurb ionann pointe tosaíochta do gach píosa taighde / nuálaíocht agus smaoineamh maith amháin.

Bhí sé de rún againn plé oscailte a thabhairt do chách, chun tuairimí na ndaoine a fhiosrú, agus chun réitigh a thabhairt dóibh chun todhchaí níos fearr a chruthú dúinn ar fad.

Roinneadh breis agus 18,000 smaoineamh linn ó dhaoine fud fad na tíre. Trí chomhráite agus rannpháirtíocht, roinn an phobal a gcuid smaointe agus thug siad ábhair spreagúla don taighde amach anseo. Ba mhaith liom mo chéad bhuíochas a ghabháil le gach uile dhuine acu.

Geallaim go gcuideoidh bhur smaointe chun taighde a mhúnlú in Éirinn anseo ó seo amach.

Is ionann ár ról leis an rialtas anois agus cinnte a dhéanamh go gcuirfear tuairimí an phobail rompu trí na moltaí feachtais seo a chur i gcrích. Ailínítear na moltaí seo le *'Tionchar 2030: Straitéis na hÉireann maidir le Taighde agus Nuálaíocht'*,

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabhail le gach uile dhuine a bhí páirteach san fheachtas, thar na heagraíochtaí ar fad sa tsochaí agus i ngach contae ar fad na tíre ina raibh imeachtaí rannpháirtíochta agus cainteanna poiblí ag tarlú. na taighdeoirí a ghlac páirt sna cainteanna seo, baill an Choiste Stiúrtha agus baill an Choiste Saineolaithe mar aon leis na Meithleacha, an Fóram Comhairleach agus Foireann an Fheachtais as a gcuid tiomantais sa tionscadal seo a fhad is go ndéantar rannpháirtíocht leis an tsochaí iomlán chun guth na ndaoine a chloisteáil agus go mbaintear ár spriocanna amach sna torthaí iad féin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a shíneadh dár nAmbasadóirí: an tOllamh Luke O'Neill, Emer O'Neill, an Dr Shane O'Donnell agus an tOllamh Emilie Pine, mar aon lenár ngrúpa Ghlúine Z: Jack O'Connor, Adam Lambe agus Megan O'Connor ag a gcuid tiomantais do 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'.

Tugann na torthaí ón Tuarascáil an Choiste Saineolaithe léargasanna ar na rudaí atá tábhachtach don phobal iomlán, dár bpobail agus don tsochaí fhairsing.

Bhí muid in ann comhrá oscailte a thógáil lenar saoránaigh mar gheall ar 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'. Comhrá a dhíriú isteach ar na dúshláin a cheapann siad gur chóir dúinn a shárú, na féidearthachtaí taighde a cheapann siad go ndéantar leas dár sochaí, na héagóracha ar chóir dúinn dul i ngleic leo agus na smaointe atá acu chun ár sochaí a dhéanamh níos cothroime agus níos cuimsithí ar fad.

Is liomsa an gealltanas seo chun cinnte a dhéanamh go seasfaidh na rudaí seo mar thosaíochtaí s'againn don am atá romhainn.

# Ráiteas ó Chathaoirleach an Fhóraim Chomhairligh



Sheas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' mar dhroichead den scoth idir thaighdeoirí agus pobail fud fad na hÉireann. Thit comhráite suimiúla ar fad amach faoi cheisteanna na ndaoine sa lá atá inniu ann, mar aon leis an dóigh ina bhfuil cúrsaí taighde ag dul i ngleic leis na ceisteanna sin, agus na sársmaointe a bhfuil acu chun todhchaí níos fearr a thógáil. Is féidir le taighdeoirí na smaointe seo a thabhairt faoi deara anois. Bhí gach uile bhall den Fhóram Comhairleach 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'ar bhord leis an phlean seo - chun teagmháil a dhéanamh leis an tsochaí iomlán. Ghríosaigh siad a líonraí, chuir siad imeachtaí le chéile agus chuir siad an feachtas chun cinn tríd an aistear ar fad. Ní amháin sin, ach bhí a gcuid léargais agus a bpeirspictíochtaí ina chuidiú ollmhór dúinn maidir lenár dteachtaireacht a dhéanamh don phobal. Cheistigh na baill an fhoireann feachtais sna dóigheanna is fearr chun muidne a choinneáil ar ár ladhracha a fhad is go raibh muid ag cloí leis ár n-éiteas maidir le hidirphlé cuimsitheach agus insroichte a dhéanamh leis an phobal chun smaointe a mhealladh astu. Ní deireadh saothair an Fhóraim Chomhairligh é foilseachán na tuarascála seo, áfach, mar leanfaimid ar aghaidh ag feidhmiú mar ionadaithe ó thaobh an obair laethúil de a fhad is go leanfar na torthaí agus na moltaí ar aghaidh. Ba mhór an onóir dom a bheith i mo Chathaoirleach don Fhóram Comhairleach. Tá mé féin ag tnúth go mór le feiceáil cad é mar a n-éireofar le haschuir an fheachtais seo maidir le cúrsaí taighde agus ceapadh beartais na tíre seo.

**Julie Byrne**
Ceannasaí na gComhoibrithe Seachtracha saotharlanna Nokia Bell

# Ráiteas ó Chathaoirleach an Choiste Saineolaithe



B'ionann 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus garsprioc maidir le feasacht chomhchoiteann na hÉireann, inar léiríodh ábhair misnigh agus ábhair imní na ndaoine don todhchaí. Toisc go raibh breis agus 18,000 aighneacht faighte, is léir go bhfuil na daoine ag iarraidh a nguthanna a chur faoinár mbráid agus go bhfuil muinín acu orainn maidir leis an ghealltanas agus cumas ó thaobh taighde de chun saolta a athrú agus sochaithe inmharthana a chumadh. Aithnímid scála na n-ábhar imní, faoi na dúshláin is mó os ár gcomhar, atá ag an phobal iomlán trí líon mór leathan na n-aighneachtaí gan amhras. Tá peirspictíochtaí pearsanta ar leith ar chóir don phobal taighde agus iad siúd i mbun ceaptha beartais, aird a thabhairt rompu agus ní féidir leo sin a dhéanamh ach amháin aghaidh a thabhairt ón taithí comhroinnte. Is é seo an rud a thaitin liom faoi 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' - an deis chun na peirspictíochtaí éagsúla sin a chur faoin spotsolas agus chun comhráite taighde a oscailt ar cad é go díreach ar féidir leo a dhéanamh. Tá mé thar a bheith buíoch as gach uile dhuine a roinn á gcuid léargais agus smaointe dúinn, le linn próisis a bhí thar a bheith uathúil agus iontach.

Chuaigh díograis agus dúthracht an Choiste Saineolaithe, (agus na 70+ duine aonaracha a thug a gcuid oibre deonach chugainn chun na haighneachtaí a anailísiú go cruthaitheach agus go hiomlánaíoch) go croí ionam amach is amach. Bhí an Coiste Saineolaithe i gceannas leis an bheart maidir le guth na hÉireann a thabhairt chun cinn mar aon le moltaí ar fad a chur os comhair an rialtais a fhad is go spreagfar taighde as seo amach agus go gcinnteofar go seasfaidh córas taighde na hÉireann an aimsir.

Tá dúil agam gurb ionann é seo agus tús an aistir amháin agus go leanfar torthaí an phróisis seo ar aghaidh chun todhchaí níos fearr a thabhairt do chách anseo in Éirinn.

**An tOllamh Linda Hogan**
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

# Achoimre Fheidhmeach

**Bhí 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí' ina chéad tionscnamh dá leithead in Éirinn, arna thugadh isteach ag Simon Harris, TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta sa bhliain 2021.**

Agus iarracht i bhfoirm 'an rialtas iomlán' acu, ba é an sprioc a bhí ann ná deis a thabhairt do mhuintir na hÉireann a gcuid tuairimí agus smaointe a thabhairt ar chúrsaí taighde agus nuálaíochta na hÉireann. Bhí 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'in ann a aithint gurb ionann smaointe maithe / cúrsaí fiosrachta agus pointe tosaigh le haghaidh gach cineál de thaighde agus thug siad ardán do ghiniúint na smaointe agus go mbeidh na smaointe sin ar fáil ar bhonn daonlathach. Is é bunús an chreidimh a bhí ann ná gur féidir le gach uile dhuine, ar am ar bith agus in áit ar bith, smaoineamh maith a bheith acu. Thug an feachtas seo ardán ar fáil a fhad is go spreagfar ábhair plé agus díospóireachta maidir leis na rudaí atá tábhachtach do dhaoine agus do phobail araon, agus chun cuireadh a thabhairt do thaighdeoirí páirt a ghlacadh sna cainteanna sin leis an phobal agus chun smaointe a chumadh le chéile inar féidir a bheith ina inspioráid roimh chúrsaí taighde amach anseo. Sheas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' mar chomhairliúchán poiblí ar leith, toisc go raibh an fócas dírithe ar an idirphlé idir thaighdeoirí agus na pobail.

**An cheist**

**"Inis dúinn do thuairimí agus do smaointe ar cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach".**

**A bhí curtha chuig an phobal**

B'ionann an príomh-inspreagadh taobh thiar de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus smaointe poiblí a chur le chéile mar aon le léargas ar na rudaí tábhachtacha do mhuintir na hÉireann a ghiniúint. Dearadh an feachtas chun cnuasach na smaointe a éascú ach, níos tábhachtaí ná sin, bhí sé deartha a fhad is go raibh béim ar an idirphlé, ar an chuimsiú agus ar pheirspictíochtaí comhroinnte. Bhí Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gceannas ar an iarracht ar leith é seo ó luath sa bhliain 2021. Ba é an chéad bheart a bhí idir lámha acu ná rannpháirtíocht a dhéanamh le líonra ilghnéitheach de pháirtithe agus comhoibrithe araon le linn an fheachtais. Clúdaítear foirmiú an choiste stiúrtha ansin, arna stiúradh ag an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Fóram Comhairleach déanta amach d'ionadaithe ó bheagnach 80 eagraíocht, agus Coiste Saineolaithe déanta amach ag daoine le raon éagsúil de shaineolas agus suimeanna.

Thug an seó bóthair de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' cuairt ar gach uile chontae in Éirinn, ar a laghad uair amháin, idir Mhí Dheireadh Fómhair agus Mí na Samhna. In ainneoin na srianta curtha i bhfeidhm dá bharr na paindéime Covid-19, thit breis agus 1,500 seisiún tobsmaointeoireachta agus imeachtaí, idir bheo agus ar líne, amach chun smaointe a bhailiú le chéile. Leagadh sprioc uaillmhianach de mhéid 10,000 aighneacht amach, bunaithe ar thaithí na gcleachtaí cosúil le chéile a thit amach i dtíortha eile. Is le díograis agus le dúthracht nach beag a bhí an pobal agus iad i mbun rannpháirtíochta le 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus is de thoradh ar sin gur bhaineadh sprioc na n-aighneachtaí amach, agus níos mó arís le breis agus 18,000 aighneacht faighte.

Rinne coiste de shaineolaithe iniúchadh ar gach uile smaoineamh agus thug siad gach uile fhocal ó mhuintir na hÉireann faoi deara. Bhí siad thar a bheith cúramach gan claonadh ar bith a chur leis na haighneachtaí. Cuireadh anailís agus sintéis na smaointe le chéile i 16 téarma ar fad agus lena chois sin, aicmíodh na téarmaí sin i 5 réimse go hachomair thar ceann na dtaighdeoirí agus an cineál todhchaí é sin atá á iarraidh ag an phobal. Mar atá léirithe sa ghrafaic thíos, cuirtear smaointe mhuintir na hÉireann sa lá atá inniu ann chun tosaigh, a fhad is go spreagfar agus go gcuirfear cúrsaí taighde agus polasaí ar an eolas faoi na dúshláin agus ábhair imní an phobail mar aon lena gcuid feasachta agus cruthaitheachta.

I dteannta anailís bheacht dhíreach a dhéanamh ar na 18,000+ aighneacht, rinne an Coiste Saineolaithe anailís nuálach daonlárnach ar na smaointe ar fad. Tríd an chur chuige seo, d'fhorbair an Coiste Saineolaithe tuiscint níos doimhne ar an chomhthéacs náisiúnta agus ar an dearcadh taobh thiar de na haighneachtaí sin. An nós tuisceana a tháinig chun cinn ná go bhfuil saolta coimpléascacha atá ceangailte le chéile againn ar fad agus tá ról nach beag ag cúrsaí teicneolaíochta faoin dóigh a dtugaimid aghaidh ar ár saolta, ár sochaithe agus ar ár gcultúir ar fad. Is cinnte go bhfuil gné d'éadóchas le blaiseadh ag gach aon duine maidir lenár dtodhchaí éiginnte dúshlánach, agus b'fhéidir nach raibh aon tuiscint fhlúirseach fágtha ionainn. Le sin ráite, d'fhreagair na daoine go bhfuil ról príomha le himirt ag taighde maidir le todhchaí níos fearr, níos cuimsithí agus níos inmharthana a thógáil.

# 16 Téama

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhas a chur ar Chur Chuige Daonlárnach i leith Sláinte agus Cúraim Shóisialta | Athshamhlú ar Fhoghlaim agus ar Fhorbairt ó Thús go Deireadh an tSaoil | Réitigh do Thithíocht a Chur Chun Cinn | Ag cosaint Leas agus Iontaobhas an Phobail sa Domhan Digiteach |
| Feabhas a chur ar Cheapadh Beartais agus ar an gCóras Polaitiúil | Comhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht a chur chun cinn in Éirinn | Láidreachtaí Réigiúnacha a Chothú | Luach a thabhairt do Pobail agus iad a Nascadh |
| Gníomhú ar son na hAeráide a dhaingniú ar fud na Sochaí | A bheith ag tacú le Nuálaíocht i bhFeirmeoireacht agus i mBia | Ag féachaint chuige go Seasfaidh Córais Fhuinnimh agus Uisce an aimsir | Ag nascadh Éireann le chéile trí úsáid na gCóras Iompair Glasa |
| Ag neadú na Daonnachtaí, an Cultúr agus na hEalaíona | Leas a bhaint as Buntáistí an Taighde Bhunúsaigh | Athléimneacht agus Ullmhacht a Thógáil: Léargais ón bPaindéim | An Tírdhreach Taighde agus an Rannpháirtíocht Phoiblí a Neartú |

## Cúig réimse a ba mhaith leis an phobal aird na dtaighdeoirí a tharraingt orthu chun todhchaí níos fearr a chumadh.

1. Ní féidir réitigh sa todhchaí a fhorbairt i sadhlanna - tá gach rud nasctha. Ba chóir do thaighdeoirí bealaí a iniúchadh maidir le cónaí a dhéanamh laistigh dár gcríocha pláinéadacha le réitigh inmharthana comhtháite.
2. Tá iarrachtaí taighde luathaithe de dhíth maidir le sláinte mheabhrach agus galair tógálacha chun caighdeáin na beatha a fheabhsú mar aon le hacmhainneacht na hÉireann maidir le hachrainn as seo amach.
3. Ba chóir do thaighdeoirí réitigh Éireannacha saincheaptha, do sheirbhísí agus bonneagar (ó thithíocht go hiompar agus fuinneamh), a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Ba chóir ceisteanna maidir lenár dtíreolaíocht ar leith, sochaí agus oidhreacht a phlé a fhad is go mbainfear leas do gach uile dhuine.
4. Caithfear taighde na hÉireann a bheith ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, chun saolta na ndaoine a fheabhsú, chun iontaobhas an phobail a ardú agus chun sochaí níos cuimsithí agus níos cothroime a dhéanamh.
5. Tá taighde de dhíth chun leas a bhaint as cumhacht na bpobal a fhad is go nginfear athruithe áitiúla agus córasacha in Éirinn (ó thionscnaimh ghlasa go cúrsaí oideachais agus obair sa todhchaí).

Laistigh den tuarascáil an Choiste Saineolaithe de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' tá insint shaibhir maidir leis na téamaí agus na réimsí ina gceapann an pobal gur chóir don taighde dul i ngleic leo. Láimhseáladh guth na ndaoine le cúram agus meas nach beag agus léiríodh daonnacht ar leith ó na haighneachtaí trí thorthaí an Choiste Saineolaithe.

Níl na téamaí curtha in aon ord tosaíochta agus níl siad aicmithe de réir líon na haighneachtaí iomlán. Cé gur tugadh aird do gach aighneacht go haonarach,bhí cuid mhór forluí i gceist agus téamaí cuí clúdaithe le roinnt téamaí éagsúla 0 léiriúchán go bhfuil daoine ar an eolas faoi chuid mhór de na ceisteanna agus tuiscint acu go mbíonn bunús acu measctha le chéile sa tsochaí. Leagann tuarascáil an Choiste Saineolaithe léiriú agus treoracha chun gnímh sonraithe faoi gach ceann de na 16 téarma seo. Tá an léitheoir spreagtha chun na sonraí seo a thochail chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na ceisteanna agus ar na treoracha chun gnímh ón phobal. Tá sé beartaithe go bhfaigheadh an pobal freagraí bunaithe ar thopaicí laistigh den léiriú agus den insint ar na 16 téama seo. Is ionann é sin agus an áit ina dtiocfadh smaointe, moltaí, cruthaitheacht agus fiosracht an phobail chun cinn mar atá léirithe trí na ceisteanna tugtha dóibh.

Mar aon le sintéis na n-aighneachtaí ón phobal, tháinig dhá shraith de mholtaí chun tosaigh ón fheachtas féin. Leag an Coiste Saineolaithe neamhspleách moltaí amach a dhíríonn ar na riachtanais chun an taighde iarrtha ag an phobal a sheachadadh. Féadfar na moltaí seo a fháil laistigh de Thuarascáil an Choiste Saineolaithe.

Seasann an dara shraith de mholtaí mar ghníomhartha arna chuireadh ar aghaidh ag an fheachtas. Forbraíodh iad trí na ceachtanna foghlama againn ó na comhráite ar fad ar chúrsaí taighde agus dearadh iad le cinntiú go mbainfidh muid ár ngealltanais amach agus droichead a thógáil idir chúrsaí taighde agus an pobal.

# Tógadh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar bhuntuiscint chúrsaí cuimsithe.




# Achoimre an Fheachtais

## Cad is rud é 'Ag múnlú ár dTodhchaí'?

**Agus é seolta i mí Iúil 2021, is clár tobsmaointeoireachta náisiúnta déanta ag an Rialtas é 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar fáil d'Éireannaigh maidir le tuiscint s'acu ar ról na réimsí taighde agus an tábhacht a bhaineann leis chun féidearthachtaí deiseanna agus dúshláin amach anseo a shárú.**

Cuireadh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar an fhód le linn na tréimhse dúshlánaí ar fad agus an tír, mar aon le gach tír sa domhan, ag tabhairt aghaidh ar phaindéim dhomhanda ach ba thréimhse ar ala na huaire a bhí ann ó thaobh taighde de, agus gach duine ag glacadh le heolas ó thaighdeoirí agus fostaithe an tseirbhís phoiblí ar bhonn laethúla agus go raibh ainmneacha na ndaoine sin i mbéal an phobail..

Glacadh le téarmaíocht eolaíoch nach raibh aon choinne againn leo mar chuid dár dteanga laethúil. Is mar gheall ar sin gur tháinig an tábhacht a gcuirimid, mar shochaí amháin, ar an cheangal, ar cheisteanna an phobail agus ar cheisteanna na gcultúr chun cinn.

Thit 'Ag Múnlú ár dTodhchaí amach le linn ré méadaithe de chomhairliúchán poiblí, agus ról tábhacht ag Tionól na Saoránach maidir le hiontaobhas a thógáil tríd an phróiseas mhachnamhach. Ba ré é seo ina raibh (agus fós ina bhfuil faoi láthair) pobal na hÉireann go háirithe an t-aos óg ag iarraidh a nguthanna a chur chun tosaigh agus teagmháil a dhéanamh leis an dream cinnteoireachta thar réimsí éagsúla cosúil leis an athrú aeráide. Lena chois sin, tar éis do Rialtas na hÉireann an roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nua a chur ar an fhód le linn 2020, bhí léargas úr de chóras taighde na tíre le breathnú ag an rialtas.

CÁS-STAIDÉAR

## Rannpháirtíocht na Scoileanna

Thug an feachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'cuairt ar scoileanna fud fad na tíre agus ar líne i rith an fheachtais. Thiontaigh na socruithe seo ina gcainteanna fiúntacha le daoine óga, ardán ina raibh siad in ann a dtráchtanna, a n-ábhair imní agus a gceisteanna a chur chun cinn. Mar cheann de na socruithe rannpháirtíochta seo, tugadh cuairt chuig Clochar Loreto, An Uaimh, nuair a bhí breis agus 90 dalta idirbhliana i mbun plé linn faoi na rudaí atá tábhachtach dóibh. Mar gheall ar chuairt chuig pobalscoil Marino sna Clocha Liatha, bhí daoine óga a bhfuil sainriachtanais acu a gcuid ábhair dóchais agus aislingí don todhchaí. Thit trí sheisiún fíorúla amach le ranganna éagsúla i Scoil Ghramadaí Shligigh agus idirphlé gníomhach i gceist ar theicneolaíochtaí agus an bhaint atá leo roimh fheirmeoireacht neodrach ó thaobh carbóin de agus painéil ghréine IS ar a gcuid saolta reatha.

Ón tús, bhí bunchloch an fhís deartha i bhfoirm cuimsiú agus dúthracht chun riachtanais an phobail a thuiscint maidir le hinfheistíocht taighde ar son leas an phobail féin. Bhí riachtanais gach aon duine clúdaithe le seo - uathu siúd a bhfuil ar na daoine is leochailí sa tsochaí go fostaithe na gcomhlachtaí ilnáisiúnta móra. Bunaíodh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'chun deis a thabhairt do mhuintir na hÉireann ar fad a gcuid smaointe a chur faoi bhráid an rialtais maidir leis na rudaí tábhachtacha dóibh, chomh maith leis na dúshláin a bhíonn siad in ann a shárú agus na féidearthachtaí sin a ndéanfar todhchaí níos fearr dóibh. An plean a bhí ann ná go seasfar torthaí an tionscnaimh mar thuairim chomhchoiteann do dhaoine na tíre ag am éagsúil agus an ról atá le himirt ag cúrsaí taighde agus nuálaíochta araon maidir leis na ceisteanna sin a shárú agus na féidearthachtaí sin a chur ar fáil.

Ba bhunphrionsabal é an t-idirphlé cuimsitheach seo thar gach uile ghné den fheachtas féin. Dearadh an feachtas chun spás a chruthú dóibh siúd nach mbíonn (mar a sheasann cúrsaí de ghnáth) an fhéidearthacht acu dul i mbun rannpháirtíochta ná teagmháil le cúrsaí taighde agus na nithe a bhaineann leo, agus a bpeirspictíochtaí a roinnt le taighdeoirí mar thoradh air Bhuail taighdeoirí leis an phobal ar shráideanna na hÉireann ag imeachtaí caife agus gnó araon mar aon le himeachtaí thar sáile trí líonra ambasáidí na hÉireann, chun a gcuid oibre a phlé.

Tosaíonn gach píosa taighde le smaoineamh éigin. Ba é ceann de na cúiseanna tiomanta taobh thiar de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ná comhrá a oscailt le gach cineál duine a fhad is go ngintear smaointe ó áiteanna agus foinsí nua nach mbaintear leas astu go fóill. Is ansin bheadh na daoine i mbun taighde in ann cúrsaí a fheiceáil ó uillinneacha nua eile ó fhoinsí inspioráide nua atá ar fáil trí imeachtaí agus riachtanais saolta áirithe.




CÁS-STAIDÉAR

*C go D: Áine O'Toole, ball an phobail NCBI a bhfuil lagú radhairc orthu, an tOllamh John Nolan, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus Tracy Bailey, Leasbhainisteoir an Ionaid Acmhainní Iona ag imeacht 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus an triúr acu i mbun plé ar na rudaí is fearr chun saolta dóibh siúd a bhfuil lagú radhairc orthu a fheabhsú.*

## Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill

Bhí Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill i gceannas ar dhá imeacht de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' a thit amach ag an Ionad Acmhainní Iona i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath. Bhuail na taighdeoirí an tOllamh John Nolan (Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt) agus an Dr Dónal Fitzpatrick (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais) le beagnach 30 úsáideoir seirbhíse a bhfuil lagú radhairc orthu agus chuaigh siad i mbun plé faoi chúrsaí teicneolaíochtaí féideartha agus forbairtí a chuaigh i bhfeidhm lena gcuid saolta, idir na rudaí maithe agus na drochrudaí araon, - agus cad iad na chéad céimeanna eile chun saolta dóibh siúd a bhfuil lagú radhairc orthu a fheabhsú. Osclaíodh comhráite eile thar chupáin tae den scoth san ionad acmhainní Iona agus is as na comhráite sin ar tháinig thart faoi 30 smaoineamh áitithe chun tosaigh do na taighdeoirí.

In ainneoin na tábhachta riachtanaí maidir le taighde, ó thaobh dul chun cinn agus acmhainneacht eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann de, tá fianaise ann go dtuigeann an pobal an ról criticiúil atá ag an taighde, ach nach bhfuil siad chomh tuisceanach ar phróiseas an taighde é féin. Tá riosca ann go gcaillfear féidearthachtaí éigin chun tosaíochtaí poiblí agus cuspóirí polasaithe a cheansú. Chruthaíodh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' chun na bearnaí seo a dhruideadh a fhad is go mbeadh taighde agus nuálaíocht in ann a róil a imirt le linn na ré aistí seo agus dúshláin choimpléascacha éiceolaíocha domhanda os ár gcomhair. Is léargas cumhachtach é an nós sin chun peirspictíochtaí an 'úsáideora deiridh' a thabhairt do thaighdeoirí maidir leis a gcuid oibre, agus is cinnte go dtiocfadh torthaí a bheas tionchar feabhsaithe acu ar chúrsaí. Níor bhunaíodh an feachtas chun liosta de réimsí taighde curtha in ord tosaíochta a ghiniúint agus a thabhairt don rialtas ná do mhaoinitheoirí taighde a fhad is go n-infheisteoidh siad a gcuid airgid; ach, ina áit sin, chun réimsí imní agus suimeanna an phobail nua a aimsiú ina dtiocfadh leo aghaidh a thabhairt rompu trí dhisciplín taighde ar bith.

Tá an feachtas bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, tar éis do thíortha eile idirphlé náisiúnta den scála céanna a dhéanamh go maith ar chúrsaí taighde le blianta anuas. Mar shampla, thit Clár Oibre Eolaíochta de chuid Fhlóndras amach - beart ina raibh breis agus 10,000 ceist curtha ó gach cearn den tsochaí Phléimeannach, le bheith tugtha faoi deara ag dream na heolaíochta. Ar an bhealach chéanna, bunaíodh an Clár Oibre Taighde Ollannach ag rialtas de chuid na hÍsiltíre chun clár oibre aontaitheach um thaighde a fhorbairt san Ísiltír. Ba luachmhar ar fad a bhí taithí agus oscailteacht na gcomhghleacaithe, a bhí bainte le tionscnaimh de chuid an aistir 'Ag Múnlú ár dTodhchaí', as a gcuid saineolais a roinnt.

CÁS-STAIDÉAR

## Seisiún tobsmaointeoireachta Bhéal Átha na Sluaighe

Bhí an Seanadóir Aisling Dolan i gceannas ar idirphlé agus seisiún tobsmaointeoireachta de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' i mBéal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe. Bhí ionadaithe ó ghnóthaí agus ó ghrúpaí pobail Gaillimh agus Ros Comáin i mbun comhrá le taighdeoirí a bhfuil cónaí orthu agus a bhfuil ag obair sa cheantar leis an chineál teachtaireacht a sheolfar chuig an rialtas trí na haighneachtaí 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' a phlé. Ina measc siúd, bhí Brendan Smith, Bainisteoir Rannpháirtíochta Oideachais agus Poiblí ag Insight, Ionad Acmhainní FEÉ le haghaidh anailísíocht sonraí, agus thug Brendan cur i láthair spreagúil ar thionchar an taighde ón Ionad sin atá idir lámha acu faoi láthair agus a bheas sa todhchaí. Lean an comhrá ar aghaidh mall tar éis na himeachta agus tá pobal Órán Mór mar chuid den tionscadal eolaíochta saoránaigh darb ainm 'Crowd4Access', ina bhfuil taighdeoirí teicneolaíochta gairmiúla in ann teacht le chéile le saoránaigh chun plé a dhéanamh ar chosain insroichte na gcathracha agus na mbailte Éireannacha. Ní amháin sin, ach tá Insight ag obair go dlúth leis an Ionad Faisnéise Europe Direct i Leabharlann Bhéal Átha Sluaighe chun tionscadail Eolaíochta na Saoránach a thabhairt do mheánscoileanna áitiúla.

*Baill an ghrúpa Pobal 'Mór' i Meáraí agus in Órán Mór le Brendan Smith ó Insight (Ionad Acmhainní FEÉ le haghaidh anailísíocht sonraí)*



# Cad é a bhí iarrtha ar an phobal?

Bhí orainn an cheist a bheas curtha ar an phobal a athphacáistiú sa dóigh cheart agus ba chuid chriticiúil den fheachtas é seo. Tugadh machnamh nach beag ann d'fhormáidiú forbartha na ceiste sin a dtabharfar na huirlisí dúinn chun na rudaí tábhachtacha os comhair na ndaoine a oibriú amach agus cad é go díreach a bhfuil á lorg acu maidir le taighde agus todhchaí níos fearr a chumadh. Tugadh tús áite d'fhorbairt na ceiste sin a bheas solúbtha agus oscailte agus a dtabharfar cead don phobal a gcuid freagraí a thabhairt ar an bhealach is fearr agus is compordaí dóibh.

Is ansin, sa deireadh thiar thall, gur tugadh an cheist seo faoi bhráid na ndaoine i bhfoirm: “Inis dúinn do thuairimí agus do smaointe ar cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach”. Cuireadh an cheist i bhfocail í seo go cúramach a fhad is go dtugtar spás don phobal chun a dtuairimí a léiriú ar na rudaí a bhfuil suim acu iontu, gan an dualgas ná an t-ualach sin a thabhairt ar an aighnitheoir maidir le smaoineamh taighde lánfhásta a fhorbairt.

Chomh maith céanna, thug an cheist ardán dóibh siúd chun a gcuid smaointe nuálacha maidir le tionscadail taighde a chur isteach. Bhí dúil againn i suimeanna an náisiúin chomh maith agus bhí muid ag iarraidh an mhian sin a thapú.

Dhírigh muid ar shuimeanna an phobail agus na rudaí a bhí á lorg acu maidir le cúrsaí taighde ó thaobh féidearthacht nó dúshlán éigin a bhí aitheanta acu, nó fiú topaic ar leith a léiríonn feasacht ná díograis an aighnitheora.

Chun cuidiú a thabhairt dóibh siúd a bhí treoracha áirithe breise de dhíth acu, forbraíodh agus tugadh téacs sonrach breise agus réimsí téamacha féideartha (ar gach uile ghné den tsaol) chun an smaoineamh a thógáil mar is ceart.

Thit seisiún neartú ar na maidí amach le roinnt páirtithe leasmhara ón rialtas, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó fhorais acadúla agus ó fhorais shochaíocha ionadaíocha éagsúla chun an cheist seo a bheachtú. Thug Fóram Comhairleach an fheachtais, mar aon le grúpa samplach eile, faoi thástálacha agus comhairliúcháin bhreise.

**Inis dúinn do thuairimí agus do smaointe ar cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach**

Tig leat do smaoineamh a bhunú ar:

- **féidearthacht ná dúshlán atá os bhur gcomhair, ná roimh do phobal, in Éirinn nó go domhanda ar fad**
- **topaic éigin a bhfuil paisean ná feasacht agaibh iontu**

agus ba mhaith leat go dtabharfaidh taighdeoirí aghaidh ar








# Moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Iarradh ar dhaoine na hÉireann teacht chun tosaigh agus a dtuairimí a thabhairt don rialtas faoi cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach. D'fhreagair an pobal le suim agus díograis nach beag - ag léiriú a gcuid mianta chun níos mó ar chúrsaí taighde a fhoghlaim agus chun beart a imirt ar cad é ba chóir do thaighdeoirí a dhéanamh sa dóigh is go gcloífear le riachtanas an phobail agus na ceisteanna á nginiúint acu.

Leagann straitéis náisiúnta nua na hÉireann le haghaidh taighde agus nuálaíocht amach gur chóir do gach Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí machnamh a dhéanamh ar na torthaí agus na moltaí chun gníomhartha cuí a fhorbairt (go pointe áirithe).

Beidh an grúpa straitéise il-ranna agus il-ghníomhaireachtaí seo freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha sin agus as páirtithe leasmhara a chumasú chun na torthaí ó na haighneachtaí a úsáid mar fhoinse inspioráide don taighde amach anseo.

Cuirtear na moltaí áirithe seo a leanas chun tosaigh chun cuidiú le gach aisteoir, lena n-áirítear an foras léargais straitéise nua, trí chinnte a dhéanamh go mbainfear na gníomhartha sin amach mar fhreagairt do 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'.

## Taighde chun réitigh a sheachadadh

*D'fhreagair an gnáthphobal agus an pobal taighde don fheachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' le suim agus mian nach beag. Tugadh léiriú tuisceanach ar thuairimí na ndaoine in Éirinn ó na haighneachtaí. Chun dul i ngleic le dúshlán sochaíocha, ní mór do thaighdeoirí a spreagadh chun rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail a fhad is go n-aithneofar féidearthachtaí eile agus go luathófar forbairt na réitigh a bhaineann leo.*

*Is lárnach an ghné é sin taighde a dhéanamh agus fócas ar mhisean áirithe ná fadhb shochaíoch chun córas taighde chothroim nua-aimseartha a bhaint amach. Tá forais taighde domhanda tar éis cláir maoinithe úra a bhunú ina n-éascaítear taighde chun ceisteanna an tsochaí a shárú trí réitigh phraiticiúla. Is toradh é seo dírithe ar an chur chuige maidir le maoiniú an taighde. Go tábhachtach, tá an modh taighde seo deartha chun go leor daoine a tharraingt le chéile a fhad is go dtuigfear castacht na faidhbe agus chun teacht ar réitigh féideartha a chumadh. Folaítear le seo,, taighdeoirí ó chúlraí éagsúla, comhlachtaí, eagraíochtaí daonchairdis, forais rialtais agus baill an tsochaí, mar aon lena gcuid forais ionadaithe.*

- Seolfar ciste taighde náisiúnta nua dá luach €65.4 milliún sa bhliain 2022 mar chuid de Phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta na hÉireann. Ba é an príomhchuspóir a bhaineann le seo ná taighde dírithe ar dhúshláin sochaíocha a aithint agus a thacú . Tabharfar cuireadh do thaighdeoirí a gcuid moltaí le haghaidh taighde a chur isteach i réimsí áirithe bainte leis an aistriú glas agus an t-aistriú go digiteach. Léiríonn torthaí 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' uimhreacha suntasacha d'aighneachtaí sa réimsí seo. Cuirfidh na torthaí seo le heolas agus tuiscint na réimsí fócasaithe den tionscnamh nua seo.

- Seasfaidh an feachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' mar dhroichead nasctha idir an tionscnamh ollmhór seo agus dóibh siúd a bhí i rannpháirtíocht leis an fheachtas, trína struchtúir chomhairleacha. Lena chois sin, druidfear an bhearna idir na pobail a bhfuil suim acu rannpháirtíocht a dhéanamh le feachtas dá leithead seo agus na taighdeoirí a bhíonn ag obair iontu. Cuirfear aird ar leith ar na luchtanna spéise eile a bhíonn, go traidisiúnta, ar shiúil ó rannpháirtíocht leis an taighde.

- Moltar go gcuireann na torthaí ó 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' le scéimeanna maoinithe taighde cuí arna fhorbairt ag forais maoinithe poiblí in Éirinn.

## Leabhar Inspioráide

*Tháinig an pobal chun cinn le smaointe agus ábhair imní, arna leagadh amach ag Tuarascáil an Choiste Saineolaithe. Bhí roinnt aighneachtaí sonraithe, agus roinnt eile gairid, ach le chéile tugadh fios ar na príomhréimsí ina ritheann deiseanna leis an phobal chun taighde a úsáid le feabhas a chur a gcuid saolta. Foilsíodh aighneachtaí an phobail uile ar thacair sonraí imeasctha. Tig leis an tacar sonraí feidhmiú mar leabhar inspioráide ar son tionscadail taighde reatha agus amach anseo araon.*

- Iarrtar ar thaighdeoirí agus ar lucht déanta polasaithe ó gach uile chúlra an tuarascáil a athbhreithniú agus an tacar sonraí a imscrúdú de réir a gcuid saineolais agus réimsí. Ba chóir go n-úsáidfear é mar fhoinse nua agus moltach le haghaidh smaointe don taighde amach anseo. Is foinse d'inspioráid é in ionad treoir éigin.

- Cuireann earnáil an Ardoideachais agus Taighde córas ar fáil leis an tacar sonraí de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' a chur chun cinn a fhad is go mbeidh fáil orthu siúd a ba mhaith leo mar chuid den phróiseas roimh thionscadail taighde d'iarrthóirí mháistreachta agus PhD.

- Cuireann maoinitheoirí na nInstitiúidí Ardoideachas agus Taighde úsáid an tacair sonraí chun cinn a fhad is go mbeidh deis ag taighdeoirí léargasanna a fháil ar riachtanais agus ar shuimeanna an phobail, le machnamh go mbeidh taighde reatha agus taighde amach anseo spreagtha ag na riachtanais/suimeanna iad sin.

- Cuirfear tuarascáil agus torthaí de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar aghaidh chuig eagraithe na n-imeachtaí agus na gcomórtas oideachas a bhíonn in ann daoine óga a éascú chun a gcuid tionscadal taighde a mholadh toisc gur féidir leo treo moltaí na n-iarrthóirí a spreagadh.

- Forbrófar agus tabharfar ábhair do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna ina dtig le múinteoirí agus daltaí rochtain a dhéanamh orthu, agus ansin na torthaí a phlé dá bharr sin. Reáchtálfar gníomhaíochtaí rannpháirtíochta chun tacú leis an tseachadadh agus leis an idirghníomhú de na hábhair seo. Titfidh an ghníomhaíocht seo amach lámh ar lámh le Seachtain na hEolaíochta.

- Tabharfar treoracha eolas saindeartha ar na torthaí agus na húsáidí a bheith bainte leo chuig forais fiontar agus chuig forais ionadaíocha ó earnáil na tionsclaíochta, i gcomhréir le suimeanna an phobail agus a gcuid fostaithe.



## Ag coinneáil lasta é an comhrá agus spiorad an chomhoibrithe

*Chuir 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' cohórt éagsúil ar leith de pháirtithe leasmhara le chéile trína chreatlach chláir. Bhí grúpaí pobail agus grúpaí spéise in ann teacht le chéile le maoinitheoirí taighde agus le forais eile chun bearta is fearr a phlé ó thaobh rannpháirtíocht a dhéanamh lena bpobal faoi seach i gcomhrá ar chúrsaí taighde. Bhí éifeacht an chomhoibrithe seo le feiceáil go soiléir trí éagsúlacht an lucht spéise bainte amach agus trí líon na n-aighneachtaí iomlán faighte ó gach cearn den tír - agus níos faide anonn.*

*Nochtadh na mianta le haghaidh eolas breise ar an taighde, mar aon le rannpháirtíocht feabhsaithe leis an taighde, de thoradh an fheachtais seo. Ba é tógáil an chaidrimh idir an pobal agus lucht taighde mar uaillmhian phríomha an fheachtais seo chomh maith. Ní mór don mhóiminteam seo a chothú agus a choinneal ag dul.*

- Molfaidh an straitéis náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht struchtúir rialtais úra ina n-éascófar comhshaol don idirphlé agus don chomhoibriú. Beidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i gceannas ar an Fhóram Chomhairleach náisiúnta nua um Thaighde agus Nuálaíocht, agus socrófar struchtúr aontaithe le haghaidh rannpháirtíocht idir bhaill an luchta spéise/ nuálaíochta agus an lucht déanta polasaithe.

- Bunófar Fóram Chur Chun Feidhme níos leithne de Ranna agus Gníomhaireachtaí an Rialtais (a gcuireann maoiniú ar fáil nó a bhfuil i mbun taighde agus nuálaíocht féin). Beidh sé de dhualgas ag an Fhóram Chur Chun Feidhme obair le chéile chun torthaí is mó a fháil ón infheistíocht phoiblí ar Thaighde agus Nuálaíocht. Folaítear seo dea-chleachtais a leabú, gníomhaíochtaí cuí a chomhordú, eolas a roinnt agus ceisteanna coitianta a imscrúdú ar bhealach struchtúrtha. Beidh sé de rún ag an Fhóram Chur Chun Feidhme leanúnachas na modhanna agus an chomhleanúnachais a fheabhsú do mhaoinitheoirí agus do thaibheoirí araon, go háirithe thar ghrúpaí taighde agus nuálaíochta éagsúla, ag cinntiú go ritheann a dtosaíochtaí le clár oibre náisiúnta agus go gcuirfear le tionchar an chórais taighde nuálaíochta poiblí.

- Níor chóir go dtiocfadh deireadh leis an idirphlé idir ghníomhaithe taighde agus an pobal nuair a chríochófar an feachtas féin. Caithfear iarrachtaí a dhéanamh ag maoinitheoirí taighde agus ag eagraíochtaí taighde chun athnascadh leis an phobal trí na téamaí arna aithint a fhreagairt agus eolas ar thaighde reatha sna réimsí cosúla a roinnt leo.

## Ceapadh beartas bunaithe ar an fhianaise a fheabhsú

*Tig le taighde, go háirithe taighde maoinithe ag an phobal, an lucht déanta polasaithe a chur ar an eolas faoi iarrachtaí éigin. Chuir 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' spotsolas ar riachtanais reatha an tsochaí. Ba chóir don nóiméad seo a threisiú chun an taighde reatha a nascadh leis na réimsí polasaithe cuí roimh riachtanais an phobail.*

- Bunófar buaic polasaithe náisiúnta agus ardán chun spás a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun polasaithe agus dúshláin náisiúnta a phlé, mar atá aitheanta ag 'Ag Múnlú ár dTodhchaí', le taighdeoirí cuí agus a mhalairt.

- Cuirfear meicníochtaí breise le taighdeoirí acadúla a chur ar fáil laistigh d'fhorais seirbhísí poiblí chun ceapadh beartas a chur i bhfeidhm.

## Feasacht ar an leibhéal áitiúil

*Chuaigh cuid baill de Thithe an Oireachtais agus d'ionadaithe rialtais áitiúla i rannpháirtíocht leis an fheachtas chun cinntiú go gcloisfear guthanna an phobail. Ba chóir go mbainfidh baill agus ionadaithe leas as na léargasanna arna thugadh do 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'. Féadfar na léargasanna seo a bheith ina n-uirlis luachmhara chun tuiscint a fháil ar riachtanais na ndaoine sna dáilcheantair agus a fhad is gur féidir leo obair na gCoistí de chuid an Oireachtais a chur chun feidhme.*

- Tabharfar tuarascálacha 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' chuig gach uile bhall an Oireachtais.
- Tabharfar na torthaí ó 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' chuig gach Cléireach de na Coistí Oireachtais.
- Tabharfar na torthaí chuig na húdaráis áitiúla a fhad is gur féidir leo machnamh a dhéanamh ar thopaicí arna thógadh ag a bpobal.

## Eolas a Roinnt

*Is léir ó líon na bhfreagraí a bhí faighte ó na haighneachtaí féin go bhfuil dúil is cuimse ag an phobal roimh an idirphlé daonlathach. Ní mór d'fhorais dá leithead Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais bearta a fhoghlaim ó na taithí agus léiriúcháin de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' nuair atá siad ag smaoineamh ar bhearta rannpháirtíochta poiblí amach anseo agus sprioc acu chun guth an phobail a léiriú sa cheapadh bearta poiblí.*

*Cuireadh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar an eolas maidir le dea-chleachtais idirnáisiúnta, agus go mór mór, ag na róil a bhí ag Clár Oibre Taighde na hÍsiltíre agus ag Clár Oibre Eolaíochta Fhlóndras. Tá scéal luachmhar féin ag Éirinn anois le roinnt le tíortha eile a bheas ag tabhairt aghaidh ar thionscadail mhacasamhlacha.*

- Is eiseamláirí iad gnéithe na comhpháirtíochta mar aon le gnéithe na rannpháirtíochta poiblí de chuid 'Ag múnlú ár dTodhchaí' ó thaobh idirphlé daonlathach a leathnú go luchtanna spéise níos fairsinge de.
- Beidh foireann an fheachtais, arna stiúradh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, in ann deiseanna a lorg chun aschuir an fheachtais a chur chun cinn mar aon leis an aistear feachtais chuig líonraí idirnáisiúnta a fhad is go mbeidh daoine eile in ann rudaí a bhaint ó na beartais déanta againn.
- Roinnfear na torthaí agus na tuiscintí le comhghleacaithe i dtíortha eile a bheas in ann cleachtais dá leithead céanna a dhéanamh a fhad is go bhfásfar ár líonra eolais roinnte.

**CÁS-STAIDÉAR**

## Ionad Acmhainní Réigiúnach na nÓg Bhaile Munna

Is ionann misean Ionad Acmhainní Réigiúnach na nÓg Bhaile Munna (IARÓBM) agus daoine óga ón cheantar, agus na ceantair timpeall thar air, a spreagadh a fhad is go mbainfidh siad a gcuid cumais amach, trí raon d'acmhainní a chur ar fáil a seasfaidh mar thacaíochtaí dóibh le bheith sásta, sláintiúil agus go mbeidh aistriú rathúil acu leis an aosacht, agus é ag cur sláinte, folláine agus athléimneacht chun tosaigh ar gach céim dá gcuid forbairt. Titeadh tob-chaint amach le daoine óga agus baill fhoirne de chuid IARÓBM ar na cineálacha taighde atá ag tarlú in Éirinn agus níos cóngaraí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus chun na cineálacha smaointe a ba mhian le daoine óga (idir 10 agus 18 bliain d'aois) tabhairt do na taighdeoirí mar aon le réimsí spéise s'acu. Is iad na topaicí is coitianta a tháinig chun cinn ná: meabhairshláinte na n-óg, an t-oideachas, saoráidí áitiúla agus cúrsaí tithíochta.

# Aistear an Fheachtais

## Amlíne an Fheachtais

### Meitheamh 2021

**Ag tógáil ár líonra dár bpáirtithe**

D'fhógair an tAire Simon Harris 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus bunaíodh an Fóram Comhairleach.

Cuireadh de chúram ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bheith i mbun freagrachta oibriúcháin an Fheachtais. Fuarthas Havas Éireann chun raon de sheirbhísí a sholáthair i gcomhpháirtíocht le FEÉ.

### Iúil 2021

**Seoladh tairseach na n-aighneachtaí**

Sheol an Taoiseach Micheál Martin agus an tAire Simon Harris céim bailithe na n-aighneachtaí den fheachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'.

Chuaigh an suíomh gréasán beo, agus thug an Taoiseach agus an tAire Harris a gcuid aighneachtaí isteach.

### Mí Lúnasa - Mí Mheán Fómhair 2021

**Ardú feasachta**

Seoladh feasacht ilbhealach a fhad is gur féidir le 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' an teachtaireacht a scaipeadh.

Chuir an fheasacht a líonraí páirtithe i bhfeidhm, agus reáchtáladh imeachtaí le Ranna an Rialtais, grúpaí abhcóideachta sochaíocha agus le heagraíochtaí acadúla chun imeachtaí tobsmaointeoireachta a spreagadh agus rannpháirtíocht a ardú.

### Mí Dheireadh Fómhair - Mí na Samhna 2021

**Ag nascadh le pobail fud fad na hÉireann**

Chun feachtas lánchuimsitheach a chinntiú, thug an Seó Bóthair cuairt ar gach ceann de na 26 contae i bPoblacht na hÉireann chun an deis chéanna a thabhairt dá mhéad daoine agus is féidir a fhad is go raibh siad in ann a gcuid smaointe a roinnt le taighdeoirí ar cad a ba mhaith leo chun todhchaí níos fearr a chruthú.

Thit breis agus 1,500 imeacht beo agus fíorúla amach chun idirphlé a oscailt ar chúrsaí taighde agus an tionchar bainte leis ar shaolta an phobail, agus chun smaointe a bhailiú.

Tugadh breis agus 18,000 aighneacht ag an phobal ginearálta, ó spásairí den Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta go dtí baill an phobail iascaireachta sna Cealla Beaga.

### Mí na Nollag 2021 - Mí Eanáir 2022

**Anailís Ilghnéitheach**

D'anailísigh breis agus 70 ball Meithleacha, stiúrtha ag an Choiste Saineolaithe, breis agus 18,000 aighneacht phoiblí.

### Mí Feabhra - Mí Márta 2022

**Ag sintéisiú guth na hÉireann**

Shintéisigh an Coiste Saineolaithe na sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghuth na hÉireann, ag leagan téamaí amach ina gcuirtear léargas d'fheasacht an phobail.

### Aibreán 2022

**Ag Cur Torthaí 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'**

Chuir an Taoiseach agus an tAire Harris na tuarascálacha de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' i láthair, mar aon le tacar sonraí de na 18,000+ aighneacht a fhad is gur féidir le daoine eile amhshonraí na n-aighneachtaí a imscrúdú chun topaicí as seo amach a spreagadh.

# Ag tógáil agus ag cothú na feasachta agus na rannpháirtíochta

Dearadh pleananna cumarsáidí agus meáin sóisialta chun feasacht an tionscnaimh ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’ a thógáil a fhad is go raibh bunsprioc ann i bhfoirm daoine a mhealladh chuig an tsuíomh gréasáin a fhad is go raibh siad in ann a gcuid aighneachtaí a chur isteach. Bhí ról lárnach ag an phlean cumarsáide maidir leis an idirphlé ar chúrsaí taighde a thabhairt os comhair an pobal. Ba é an ról a bhí ag gníomhaíocht na gcumarsáidí ná chun daoine a chuidiú leis a gcuid teorannacha a shárú a fhad is go raibh siad in ann rannpháirtíocht a dhéanamh. Aithníodh é gurb ionann rath an tionscnaimh seo agus an méid is mó daoine a mhealladh isteach agus is féidir, agus chun cinnte a dhéanamh go dtiocfar na smaointe ó raon éagsúil de dhaoine agus de phobail araon. An rud is tábhachtaí ná gur mhothaigh na daoine go raibh luach leis a gcuid aighneachtaí agus go gcuirfidh gach uile aighnitheoir leis an tsochaí nua seo. Bhí orainn gach cineál de neamhshuim, searbhas ná féith neamhchumhachta a athrú go dtí ábhair cumhachtaithe agus bearta dearfacha amháin.

Forbraíodh foireann de shócmhainní cruthaitheacha thar téarma lárnach maidir leis an ábaltacht a bhfuil ag gach uile dhuine ar an domhan smaoineamh maith a bheith acu agus na smaointe sin a chur i gcnuasach le chéile chun todhchaí níos fearr a thógáil.

Seoladh feachtas cumarsáide ilghnéitheach i mí Iúil 2021. Dhírigh muid ar na cainéil teilifíse náisiúnta chun feachtas fógra teilifíse a chur faoi bhráid na ndaoine ó mhí Lúnasa go dtí mí Mheán Fómhair luath. Bhí seo ag comhtharlú lámh ar lámh leis an bheochan a chuir muid ar fáil ar na seirbhísí ‘Am Ar Bith’ le linn na tréimhse céanna. Chuidigh feachtas fógra raidió leis an lucht spéise a mhealladh go mór agus é ag díriú isteach ar an rannpháirtíocht réigiúnach.

Cuireadh ábhair an fheachtais le tús áite ar ár bprionsabail treoracha maidir le cuimsiú agus inrochtaineacht. Tugadh sruth seasta na n-ábhar dár bpáirtithe leasmhara. Bhí rath nach beag an Fhóram Comhairleach maidir le teachtaireacht ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’ a mhéadú. Mealladh lucht féachana agus éisteachta trí fheachtas na meáin sóisialta ar leibhéal nach bhfuil déanta ag gníomhaireachtaí stáit ná ranna an rialtais ar bith riamh. Bhí dea-thionchar an líonra páirtithe leasmhara éagsúla seo le feiceáil go soiléir ón tús.

Bhí Baill an Oireachtais ar an eolas faoi aistear an fheachtais chomh maith. Bhí tábhacht ar leith ag tionchar na n-ionadaithe poiblí laistigh dá gcuid dáilcheantar ó thaobh líon an lucht spéise meallta isteach don tionscnamh féin. Thit dhá sheisiún amach le comhaltaí an Oireachtais chun iad a chur ar an eolas faoi chúrsaí an fheachtais.

## Forbhreathnú ar an tuairisciú ina luaitear “Ár dTodhchaí a Mhúnlú”

**Tréimhse Fhoilsithe 01/03/2021 - 30/11/2021**

**Méid iomlán an tuairiscithe - 6.8K**
**Freastal Iomlán - 100.3M**

| An Preas | Ar líne | Craoltóireacht | facebook | twitter |
|---|---|---|---|---|
| **114** Airteagal | **142** Alt | **18** Mír Raidió agus 2 Mír Teilifíse | **221** Postáil | **6,300** tvúit |
| Freastal Iomlán **6.8M** | Freastal Iomlán **7.7M** | Freastal Iomlán **996.6K** | Freastal Iomlán **1.1M** | Freastal Iomlán **83.7M** |













CREATING OUR FUTURE A National Conversation on Research in Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

CÁS-STAIDÉAR

## Féile Teagasc na Feirmeoireachta agus na mBianna

Bhí an craoltóir Jonathan McCrea ag feidhmiú mar fhear an tí ag an imeacht 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' de chuid na Féile Teagasc na Feirmeoireachta agus na mBianna. Bhí Shane O'Donnell (Ambasadóir de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus iarthaighdeoir ag Teagasc) i gcuideachta le chéile le Jonathan ar an lá. Bhí ceannasaithe Teagasc Declan Troy agus Maeve Henchion i láthair i rith na gcainteanna chomh maith agus labhair siad le daoine ón phobal feirmeoireachta ar thaighde ceannródaíoch na talmhaíochta agus na mbianna a bhí ag tarlú ag Teagasc ag an am. Is mar gheal ar an rannpháirtíocht seo go raibh cuid mhaith de smaointe faighte i bhfoirm na haighneachtaí.

# Ambasadóirí an Fheachtais

Bhreathnaigh muid ar thaithí ár gcomhghleacaithe san Ísiltír, mar aon leis an Chlár Oibre Eolaíochta de chuid Fhlóndras, agus d'aonaigh muid go raibh ambasadóirí iomráiteacha de dhíth againn chun leas agus tacaíocht an phobail a mhealladh. Bhí muid ag iarraidh aithris a dhéanamh ar an mhúnla sin ach amháin é a mhúnlú i gcomhthéacs na hÉireann. Thug an tAire Harris cuireadh do Shane O'Donnell, Emer O'Neill, Luke O'Neill agus Emilie Pine chun freastal ar ár n-iarrachtaí seo chun an pobal a mhealladh isteach a fhad is go bpléifear cúrsaí taighde leo agus chun a gcuid leantóirí a spreagadh chun an deis seo a thapú a fhad is g gcloisfear a nguthanna. Thug na hambasadóirí a gcuid ama go deonach chugainn chun agallaimh raidió agus teilifíse a dhéanamh, chun ailt foilsithe a scríobh, chun páirt a ghlacadh inár n-imeachtaí iomlánacha agus chun an feachtas a chur chun cinn tríd a gcuid cuntais meáin sóisialta. Bhí ról ar leith ag a n-ionchuir maidir leis an lucht spéise a dhúiseacht fud fad na hÉireann.


*Shane O'Donnell*


*Emer O'Neill*


*Luke O'Neill*


*Emilie Pine*

**40** Imeachtaí seo bóthair i 26 tír

Beagnach **1,500** seisiún tobsmaointeoireachta agus imeacht

**36** seisiún tacaíochta eolais agus feachtais do Pháirtithe Leasmhara

CÁS-STAIDÉAR

## Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Toisc go raibh paisean roinnte ann maidir le guth na mball ón phobal an cheoil traidisiúnta, na n-amhrán agus na rincí a chloisteáil laistigh de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí', tharla sé gur cuireadh tús páirtíochta le Comhaltas chun imeacht ceannaireachta a dhearadh. Cuardaíodh an ról a n-imreoidh an taighde ó thaobh na buntáistí cultúrtha agus eacnamaíocha de cheol agus rinne traidisiúnta na hÉireann a chothabháil de, agus ar an taighde maidir leis an Ghaeilge a chaomhnú. Bhí freagairt nach beag ag an phobal seo, agus breis agus 300 aighneacht faighte i rith an fheachtais. Tháinig aoichainteoirí ó na meáin agus ó ghnóthaí ar bhord leis an imeacht chun a gcuid tacaíochtaí a chur ar cheol agus cultúr na hÉireann a fhad is go mbeadh suas i liosta tosaíochta an fheachtais iad an ceol agus an cultúr.

# Grúpa na Glúine Z

Is leis na glúnta atá ag teacht aníos an todhchaí,mar sin, bhí orainn ár seacht ndícheall a dhéanamh chun cinntiú go raibh deis ag an aos óg seal a ghlacadh san fheachtas. Bunaíodh grúpa beag de pháirtithe na glúine Z (Ambasadóirí na nÓg). Iarradh ar an ghrúpa seo a bpeirspictíochtaí agus léargasanna a chur chun tosaigh maidir le teachtaireachtaí an fheachtais agus na smaointe a bheas in ann ag teacht salach ar a nglúin. Cosúil leis na hambasadóirí, tháinig an grúpa seo ar bhord le díograis agus flaithiúlacht nach beag. Ghlac siad a gcuid ama chun an feachtas a inmheánú agus chun cuspóir an fheachtais a roinnt lena bpiaraí trí lucht leanúna agus líonraí na meáin sóisialta s'acu ag na himeachtaí.

Bhí an grúpa Glúine Z déanta amach ó Jack O'Connor, fiontraí sóisialta ó Luimneach; Megan O'Connor, Leasuachtarán Aontais na Mac Léinn in Éirinn, agus Adam Lambe (Muineachán), Leasuachtarán ag Aontas na Mac Léinn Éireannacha dara leibhéil.

Bhí an grúpa Glúine Z i gceannas ar sheisiún tobsmaointeoireachta na nÓg ar scála an-mhór i gcomhpháirtíocht le Gaisce, Gasóga na hÉireann, Foróige agus Comhairle Náisiúnta na nÓg na hÉireann i rith mhí na Samhna 2021. Bhí breis agus 250 aighneacht faighte ó dhaoine óga na hÉireann mar gheall ar an tseisiún tobsmaointeoireachta é seo. Reáchtáil an grúpa an deis chun an fhoireann 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' dul go Ceatharlach agus comhdháil Aontais na Mac Léinn na hÉireann a chur i láthair ansin, bhí breis agus 90 ionadaí na mac léinn páirteach. Thit seisiún tobsmaointeoireachta eile amach ag an imeacht seo agus bhí 300 aighneacht eile tugtha ó ionadaithe na mac léinn fud fad na hÉireann de bharr ar seo.



*Jack O'Connor - Glúine Z*



*Megan O'Connor - Glúine Z*



*Adam Lambe - Glúine Z*

**CÁS-STAIDÉAR**

## Comhdháil Aontais na Mac Léinn in Éirinn

Chun guth na mac léinn a chur leis an fheachtas, thug Megan O'Connor (Ambasadóir Ghlúine Z de chuid'Ag Múnlú ár dTodhchaí') an comhrá léi chuig an Chruinniú Comhairle Náisiúnta d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Labhair Evan Boyle ón tionscadal 2030 Chorca Dhuibhne de chuid an Ionaid Taighde MaREI d'Fhuinneamh, Aeráid agus Mara faoi sprioc na foirne maidir leis an leithinis a aistriú go sochaí ísealcharbóin, i gcomhpháirtíocht le scoileanna áitiúla, pobail agus gnóthaí.

# Cén dóigh ina raibh an pobal in ann rannpháirtíocht a dhéanamh?


Ba é phríomhchuspóir an ghné sin i bhfoirm Rannpháirtíocht Phoiblí de chuid ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’ ná chun comhrá a spreagadh chun smaointe a fháil. Dearadh na gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Poiblí chun feasacht an fheachtais a thógáil agus chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis an phobal. Bhí fócas ar leith dírithe ar bhaill an phobail, nach raibh deis ar laghad acu aghaidh a thabhairt ar a leithead de thionscnamh é seo, a mhealladh agus suim s’acu a oscailt.

Aithníodh trí cinn de phríomhmhodhanna rannpháirtíochta, agus bhí gach ceann de na triúir acu siúd in ann obair feasachta an fheachtais a thógáil trí straitéis na cumarsáide.

- Ag oscailt ceangal díreach leis an phobal trí sheó bóthair náisiúnta a bhí i bhfeidhm i ngach aon chontae in Éirinn.
- Ag tarraingt isteach eagraíochtaí pobal reatha, mar aon le grúpaí agus gnóthaí fud fad na tíre mar ghluaiseacht amháin chun teagmháil a dhéanamh lena mbaill agus guthanna éagsúla na tíre a imeascadh le chéile mar aon ghuth amháin.
- Ag dul i dteagmháil le taighdeoirí chun a shaothair a thabhairt ar an fhód trí chomhráite leis an phobal agus ag cumasú na comhráite sin chun smaointe nua a spreagadh.

Thit trí imeacht gníomhachtaithe amach go luath san fheachtas chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas, chun líonraí a ghríosú agus chun tacaíochtaí a thabhairt dóibh siúd a bhí ag freastal a fhad is go raibh siad in ann a n-imeachtaí féin a chur i bhfeidhm. Bhí na himeachtaí saincheaptha seo dírithe ar thrí ghrúpa dhifriúla - pobal an taighde, pobal na ngnóthaí agus grúpaí sochaíocha / pobail. Lena chois sin, thit seisiúin ‘buail isteach’ amach ar bhonn seachtainiúil chun cosán cumarsáide oscailte leanúnach a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad.

Is ar líne agus go fíorúil ar thit cuid is mó de na himeachtaí agus seisiúin tobsmaointeoireachta seo amach, de dheasca na paindéime Covid-19. Lean muid go dlúth le Bearta Sláinte Phoiblí i rith na seónna bóithre beo fud fad na tíre. Cuireadh pleananna i bhfeidhm d’imeachtaí beo de chuid Ambasadóirí Téarmacha, ach toisc go raibh líon na gcásanna Covid-19 in Éirinn ag ardú ar leibhéal sciobtha i rith mhí na Samhna, bhí orainn na pleananna sin a leasú chun cosaint an phobail a ardú.



**www.creatingourfuture.ie**

**38,300 Úsáideoir**

**53,400 Seisiún**

**100,500 amharc ar an leathanach**

**CÁS-STAIDÉAR**

## Ospidéal San Séamas

Is eiseamláirí cruthaithe iad na Ionad Eolaíochta Sláinte Acadúla (IESAanna) ar bhonn idirnáisiúnta as taighde ó shaotharlanna go dtí othair, nuálaíocht agus oideachas chun cúraim agus torthaí na n-othar a fheabhsú. Sa bhliain 2021, thosaigh Ospidéal San Séamus agus a bpáirtithe acadúla, Coláiste na Tríonóide, idirphlé a dhéanamh faoi Ionad Eolaíochta Sláinte Acadúil a thosú.

Mar chuid d’imeacht eolais ar líne chun na pleananna a leagan amach, chuir an feachtas ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’ seisiún tobsmaointeoireachta idirghníomhach le chéile le baill fhoirne an ospidéil agus a bpáirtithe sláinte ar champas, i bhfoirm Oinceolaíocht Radaíochta Naomh Lúcás, Sláinte Leanaí Éireann, Bord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, Iontaobhas Wellcome/ Saoráid Taighde Chliniciúil HRB agus Coláiste na Tríonóide chun féidearthachtaí agus dúshláin a aithint i gcúram sláinte ina bhféadfar úsáid a bhaint as an taighde. Ghlac baill fhoirne sa líne thosaigh, taighdeoirí leighis, riarthóirí, bainistíocht agus baill fhoirne tacaíochta páirt sa tseisiún.

Tháinig breis agus 250 smaoineamh chun tosaigh mar gheall ar an tseisiún agus thug sé ardán chun spéis níos leithne a ardú sa mhúnla IESAanna.

# Seó Bóthair de chuid ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’.

**Bhí veain chaife agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha i measc na rudaí a bhí ar fáil ag an tseó bóthair de chuid ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’. Chuidigh seo le baill an phobail scíth a ligean agus dul i mbun comhrá le foireann an fheachtais mar aon leis na taighdeoirí a bhfuil cónaí orthu agus a bhfuil ag obair sa cheantar áitiúil céanna, is ansin a gcuid smaointe a roinnt leo.**

Thaistil an seó bóthair de chuid ‘Ag Múnlú ár dTodhchaí’ fud fad na hÉireann ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Samhna agus d’fhan siad i mbailte agus i gcathracha éagsúla a fhad is go raibh siad in ann an feachtas a thabhairt do gach uile chontae in Éirinn.

Tugadh cuireadh do thaighdeoirí le teacht agus le dul i mbun comhrá le daoine a bhí ag dul thar bráid maidir le cúrsaí taighde ginearálta ná cúrsaí taighde áirithe. Bhí an seó bóthair ina gcroílár maidir le rannpháirtíocht áitiúil agus réigiúnach araon, mar aon leis na meáin chumarsáide, chun cinnte a dhéanamh go raibh an feachtas in ann a bheith in aimhréidh leis na contaetha ar fad. Chuir gnóthaí áitiúla agus baill an phobail fáilte mhór roimh an tseó bóthair. Thug sé sin ardán insroichte dóibh chun a gcuid deiseanna agus dúshláin a bhíonn ann ar bhonn áitiúil a roinnt. Thug ionadaithe poiblí áitiúla cuairt ar chuid de na seónna bóithre, agus chuir siad a n-aighneachtaí féin chun tosaigh agus thacaigh siad leis an fheachtas agus é ag dul thart na tíre.



# Suímh Sheó Bóthair




*Níl an léarscáil go scála agus seasann sé do chuspóirí léiriúcháin amháin*



Coimeádadh cuairteanna seónna bóithre saincheaptha chomh maith chun moladh a thabhairt do na himeachtaí tobsmaointeoireachta i bhfoirm Institiúidí Ardoideachais (IAanna) nó i bpáirtíocht le grúpaí poiblí áitiúla / eagraíochtaí pháirtithe leasmhara. Bhí ról lárnach ag na seónna bóithre IAanna maidir le comhráite le mic léinn agus daonra na n-óg a chur chun tosaigh agus sheas siad mar fhéidearthachtaí díospóireachta taighde atá ag tarlú i ngach IA faoi láthair.

### Seónna Bóithre de chuid na nInstitiúidí Ardoideachas

- **Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath**
- **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**
- **Ollscoil Mhaigh Nuad**
- **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Campas Bhaile Átha Luain**
- **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Campas Luimnigh**
- **Ollscoil Luimnigh**
- **Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan**
- **Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Port Láirge**




**CÁS-STAIDÉAR**

## Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT)

Bhí Suzanne Smith, Bainisteoir an Ionaid agus Bainisteoir na Saotharlainne Beo ag Netwell CASALA i gceannas ar rannpháirtíocht an líonra IT Dún Dealgan agus Netwell CASALA le cinntiú go raibh lucht spéise láidir ó chontae an Lú agus contae na Mí in ann freastal ar na seónna bóithre ón phobal sin. Thit seisiún tobsmaointeoireachta amach chomh maith le taighdeoirí agus baill na Saotharlainne Beo chun taighde a phlé agus ansin tagann réitigh praiticiúla leo a fheabhsaíonn saolta na seandaoine agus iad siúd a dtugann cúram dóibh.

CÁS-STAIDÉAR

## Rannpháirtíocht na nÉireannach thar lear

Thug Ard-Chonsalachta na hÉireann i San Francisco agus i Los Angeles ceannasaithe acadúla agus gnóthaí Meiriceánacha le chéile ó Cheantar an Bhá. Labhair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, leo siúd a bhí ag freastal faoi thábhacht guthanna diaspóra domhanda na hÉireann a chloisteáil. Tá an cósta thiar de na Stáit Mheiriceá mar áit chónaithe de chuid den taighde, eolaíocht agus teicneolaíocht is ceannródaíche ar an domhan. Bhí an tOllamh Charles Spillane, Stiúrthóir Institiúid Uí Riain in OÉ Gaillimh, páirteach leis an chomhrá agus é ag caint faoina thionscadal taighde bunaithe ar dhúshláin 'TAPAS', atá ag iarraidh tíortha i mbéal forbartha a éascú chun oiriúnú an athraithe aeráide a rianú ina gcuid earnálacha agraibhia. Tharla comhráite géarchúiseacha, agus smaointe tugtha ar aghaidh idir ag dul ó thodhchaí an aiste bhia domhanda go dtí an IS níos lárnaí le daoine.

CÁS-STAIDÉAR

## An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais lucht spéise de 60 duine le chéile chun smaointe i ndáil leis an oiread gnéithe de shaolta na ndaoine faoi mhíchumas a bhailiú. D'fhreastail daoine faoi mhíchumas, a n-eagraíochtaí ionadaíocha agus eile ar an imeacht seo chun tacaíocht a thabhairt don phobal seo a fhad is go gcloisfear a nguthanna. Bhí an t-imeacht deartha le hinrochtaineacht mar chroílár. Bhí na hábhair ar fáil i bhformaid Soléite agus i gCló Mór. Tugadh ateangaireacht do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus fotheidealú fíor-ama ar fáil chomh maith. Tacaíodh le rannpháirtithe as a gcuid aighneachtaí a chruthú, agus bhí roinnt acu bainte leis an ghá chun comhdhearadh agus páirtíocht níos fearr a chur i gcláir an taighde.

CÁS-STAIDÉAR

## Seachtain na hEolaíochta 2021

Is ardán chun eolaíocht a cheiliúradh go laethúil in Éirinn é Seachtain na hEolaíochta. Cuireadh an téama de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar an 26ú heagrán de Sheachtain na hEolaíochta agus leis sin, tháinig deis chun lucht spéise mór, fadbhunaithe le 25 bliain anuas a mhealladh isteach leis an chomhrá. Bhí ardán é ar son ardú na rannpháirtíocht phoiblí i rith na seachtainí deiridh den fheachtas agus bhí clúdach náisiúnta ar scála ollmhór i gceist, mar a bhí rannpháirtíocht an phobail. Thit breis agus 1,200 imeachtaí de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' amach i rith seachtaine na hEolaíochta. Craoladh *'Future Island Live'* ar RTÉ a hAon agus bhí sé curtha i láthair ag Liz Bonnin agus Luke O'Neill. Choimeád an seó cuid de na scéalta agus guthanna is iontaí agus is spreagúla in Éirinn le chéile i gceiliúradh atá oiriúnach do theaghlaigh dár saineolaithe agus nuálaithe is fearr. Folaítear raon de pháirtíochtaí traidisiúnta agus digiteacha laistigh de pháirtithe na meáin. Forbraíodh straitéis fhairsing na meáin digití agus traidisiúnta lena n-áirítear comhpháirtíochtaí a dhéanamh leis na 2 Johnnies, Bandwagons agus Blindboy Boatclub. Lena chois sin, tosaíodh páirtíochtaí na meáin sóisialta le tionchairí i bhfoirm Carl Mullan, Miriam Mullins, Fionnuala Moran agus Paddy Smyth, agus sheol siad feachtas sóisialta amach agus iad ag iarraidh ar a gcuid leantóirí chun a smaointe ar an fheachtas a roinnt ar Instagram.

Forbraíodh acmhainní ar líne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna chun idirphlé agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh i réimsí a rachaidh i ngleic leis an todhchaí. Thug mic léinn de gach aois smaointe isteach i bhfoirm feirmeoireacht, spás, galair neamhchoitianta, todhchaí an fhaisin, úsáid na teicneolaíochta chun ár gcathracha agus ár bpobail a fheabhsú - mar aon le cuid eile. Spreagadh múinteoirí chun smaointe a mic léinn a bhailiú agus iad a chur ar aghaidh chuig 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' le cinntiú go gcloisfear guth na ndaltaí / na mac léinn.

# Imeachtaí na nAmbasadóirí Téamacha

**Coimeádadh trí imeacht téamacha d'Ambasadóirí an Fheachtais Shane O'Donnell, Emilie Pine agus Emer O'Neill.**

Chumadh na himeachtaí dírithe ar an phlé seo i gcomhpháirtíocht leis na hAmbasadóirí chun taithí saolta ar réimse topaicí a chur ar fáil, mar shampla: cúrsaí spóirt agus gortuithe comhtholgtha a bhaineann leis; agus taithí na ndaoine dubha in Éirinn. Bhí na himeachtaí seo deartha toisc go spreagfar comhráite na gcúrsaí taighde agus an ról atá air sna réimsí seo, beart a gcuidíonn leis na réimsí seo a chur i gcoinne an tsnáithe agus faoi spotsolas an taighde agus na nuálaíochta mar thoradh.









# Imeachtaí Tobsmaointeoireachta na bPáirtithe Leasmhara

**Forbraíodh treoir agus pacáiste tobsmaointeoireachta i rith an fheachtais seo, beart a chur ar chumas iad na páirtithe leasmhara agus páirtithe eile chun a n-imeachtaí féin de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' féin chun a smaointe a fháil.**

Éascaíodh pléite a bhfuil ábhar machnaimh ann ar cad iad na rudaí is tábhachtaí don lucht spéise. Bhí ról thar a bheith tábhachtach ag cuimsiú na dtaighdeoirí chun idirphlé iomlán a éascú ar chúrsaí taighde leis an lucht spéise. Tacaigh an feachtas leis na himeachtaí seo trí éascaitheoirí tobsmaointeoireachta a chur ar fáil.

Bhí dhá mhodh ar leith ann maidir le bailiúcháin na smaointe ag na seisiúin tobsmaointeoireachta agus imeachtaí eile. Tharla seo trí uirlis idirghníomhach ar líne nó trí chárta poist scríofa.

Thug na cártaí poist deis don phobal a gcuid smaointe a scríobh i rith na himeachtaí nó chun an cárta poist a ghlacadh leo a fhad is go raibh siad in ann machnamh breise a dhéanamh lena dteaghlaigh agus lena gcairde, is ansin an cárta poist a sheoladh ar aghaidh chuig seoladh an fheachtais Forbraíodh páirtíocht le seirbhís poist náisiúnta na hÉireann, An Post, agus cumasaíodh aighneachtaí poist saor in aisce de thoradh ar sin. Ba ghníomh d'aon turas é úsáid na gcártaí poist chun aon teorainn dhigiteach fhéideartha a shárú.

Toisc go raibh an té a bhí i gceannas ar na himeachtaí beo agus idir líne in ann uirlis cur i láthair idirghníomhach a úsáid, bhí siad in ann comhráite a spreagadh agus aighneachtaí a bhailiú. B'éifeachtach an bealach é forbairt na seisiúin tobsmaointeoireachta ag úsáid uirlis idirghníomhach ar líne chun seisiún tobsmaointeoireachta de 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'a tabhairt isteach do chnuasach ar bith. Éascaigh na seisiúin maidir leis na mílte aighneacht a bhailiú ar bhealach a bhí mealltach agus frámaithe i gcomhthéacs an phlé leathain leis an lucht spéise sin.

## Imeachtaí an Fheachtais de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'

**Choimeád foireann an fheachtais roinnt d'imeachtaí breise ina n-aithníodh bearnaí le líonadh maidir le deis a thabhairt ag daoine ó gach cearn den tsochaí a gcuid smaointe a chur isteach agus ionadaíocht a dhéanamh dá bpobail.**

Rinneadh monatóireacht ar roinnt imeachtaí tobsmaointeoireachta agus luchtanna spéise spriocdhírithe i rith an fheachtais ar fad a fhad is go gcinnteofar go mbainfear gach uile déimeagrafach amach.



CÁS-STAIDÉAR

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Is ionann misean na Ranna Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus feabhas a chur le saolta na bpáistí, na ndaoine óga, na ndaoine fásta, na dteaghlach agus na bpobal, trí éagsúlacht a aithint agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Toisc ar a sainchúram mór, meascán éagsúil de pháirtithe leasmhara agus feasacht roimh thábhacht an taighde roimh athruithe, bhí RLCMLÓ ag tnúth le bheith páirteach leis an fheachtas de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' chun cinntiú go mbeidh smaointe óna réimsí saineolais, óna mbaill fhoirne agus óna bpáirtithe leasmhara le cur san fheachtas.

Thit dhá imeacht idirghníomhach amach le baill na Ranna. Bhí seisiúin amháin dírithe ar eolas sonraithe an fheachtais a thabhairt do bhaill fhoirne a fhad is go mbeidh siad in ann a bpobal páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin fhéidearthacht seo chun a nguthanna a chur tosaigh. Agus ba sheisiún tobsmaointeoireachta do bhaill fhoirne é an dara ceann, chun féidearthachtaí nó réimsí dúshláin a aithint do thaighdeoirí.

CÁS-STAIDÉAR

## Fóram na Tithíochta

Chruthaigh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ardán le haghaidh idirphlé a dhéanamh ar ról a n-imríonn agus a n-imreoidh an taighde i dtaobh dúshláin shochaíocha de. Tá an ghéarchéim tithíochta ar cheann de na hábhair imní is coitianta a tháinig chun cinn arís agus arís i rith an fheachtais. Bhí an Dr Rory Hearne ó Ollscoil Mhaigh Nuad i gceannas ar dhíospóireacht faoin ról a n-imreoidh an taighde amach anseo ó thaobh ceisteanna na tithíochta de - lena n-áirítear an soláthar agus an rochtain. Tugadh ionadaithe ón lucht taistil, lucht míchumas, lucht acadúil, lucht gnó agus NGO le chéile i rith an imeachta fíorúla seo chun idirphlé sonraithe a dhéanamh ar an taighde reatha agus ar leasuithe ar bith a chur leis.



# Rialachas agus Comhpháirtíocht

**Bhí Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gceannas an chláir ar son na Ranna Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.**

Soláthraíodh seirbhísí proifisiúnta de Havas Éireann, i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, chun an feachtas a sheachadadh agus chun cinnte a dhéanamh go ndéanfar an clár leis an mhionchúis agus leis an phroifisiúntacht a ba chóir a bheith ann le tionscnamh de Rialtas na hÉireann.

Tógadh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'ar bhuntuiscint chúrsaí cuimsithe. Chun idé-eolaíocht mar sin a chomhlíonadh, bunaíodh creatlach rialachais lena n-áirítear ionadaíocht ó gach Roinn an Rialtas, mar aon le gníomhaireachtaí agus forais atá bainte le hinfheistíocht taighde in Éirinn agus le forais ionadaíocha sochaíocha chomh maith. Dearadh an creatlach chun éifeachtúlacht agus comhoibriú a chinntiú. Bunaíodh Fóram Comhairleach, le Julie Byrne (Ceannasaí na gComhoibrithe Seachtracha de chuid Saotharlanna Nokia Bell) mar Chathaoirleach, mar aon le hionadaithe ó gach cearn de shochaí agus rialtas na hÉireann.

Bhí trédhearcacht agus deiseanna a chinntiú do gach peirspictíocht ina tosaíocht do Chathaoirleach an Fhóraim Chomhairligh. Chun seo a éascú, cuireadh cur chuige pragmatach i bhfeidhm a bhí in ann an Fóram a roinnt i dtrí chroílár éagsúla - Páirtithe Taighde, Páirtithe Sochaíocha agus Ranna Rialtais. Cuireadh sraith rannpháirtíochta breise i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don Chathaoirleach ina cuid iarrachtaí chun gach guth a chloisteáil agus chun na líonraí a ghríosú - Fochoiste an Fhóraim Chomhairligh. Bhí an grúpa déanta amach ó dhá bhall de gach sraith ón Fhóram Chomhairleach agus bhí siad ag feidhmiú mar chomhairleoir feachtais thar a bheith tábhachtach.

Bhí seacht gcruinniú de chuid an Fhóraim Chomhairligh ann idir Meitheamh 2021 agus Márta 2022. Ag na cruinnithe sin, lorgaíodh baill an Fhóraim Chomhairligh faoi chuid gnéithe den fheachtas é féin. Tugadh eolas agus uirlisí do na baill sin a fhad is go raibh deis ag na pobail agus ag na líonraí ionadaithe ag na baill sin chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis an phobal. Spreagadh na baill chun ceisteanna a chur agus a cheistiú chomh fada agus a raibh siad in ann cuspóirí an fheachtais a thuiscint go hiomlán agus le bheith ina n-ionadaithe.



# Struchtúir an Fheachtais

## Ceannasaí an Tionscnaimh

**An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**

**Ord tosaíochta na gClár, Faomhadh agus Maoiniú**

- Comhpháirtíocht an Rialtais le Straitéis na Ranna
- Cinnteoir príomha
- Ord tosaíochta na dtionscadal
- Buiséad sábháilte

**Ballraíocht**

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

**Coiste Stiúrtha**

**Treoir Straitéiseach agus Comhairle**

- Foras cinnteoireachta chun treoir straitéiseach agus comhairle a thabhairt
- Monatóireacht a dhéanamh ar chláir
- Measúnú na gclár agus bainistíocht riosca
- Pointe formhéadaithe

**Ballraíocht**

- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, (Cathaoirleach)
- Cathaoirleach an Fhóraim Chomhairligh
- Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
- Cumann Ollscoileanna Éireann
- Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta

**Oifig na Bainistíochta Chlár**

**Treoir Oibriúcháin agus Léargas**

- Pleanáil agus cur i gcrích
- Treoir Oibriúcháin agus Léargas
- Soláthar
- Rianú agus Monatóireacht
- Bainistiú an Bhuiséid
- Tuairisciú

**Ballraíocht**

- Havas Éireann
- Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
- Acadamh Ríoga na hÉireann
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

**Foireann um Chlár a Sheachadadh**

- Cumarsáid
- Dea-chaidrimh na bPáirtithe Leasmhara
- Caidreamh For-Rochtain
- Coiste Saineolaithe
- Ardán an Fheachtais

## An Fóram Comhairleach

**Cathaoirleach: Julie Byrne**

- Ag cur comhairle ar threo, dearadh, forbairt agus ar chur chun feidhme straitéise na dtionscadal
- Abhcóideacht
- Ag cinntiú rannpháirtíocht sochaíoch iomlán
- Gníomhachtú agus slógadh na bpáirtithe leasmhara

| Grúpa na bPáirtithe Taighde | Grúpa Ranna an Rialtais | Páirtithe Sochaíocha |
|---|---|---|
| Gníomhaithe taighde agus nuálaíochta lena n-áirítear maoinitheoirí agus eagraíochtaí taighde | Ionadaíocht iomlán an rialtais | Forais sochaíocha agus ionadaithe gnó |
| Dhá ionadaí | Dhá ionadaí | Dhá ionadaí |

**Fochoiste**



# Ag Anailísiú agus ag Comhtháthú Guth na hÉireann

Chríochnaigh céim bhailiúcháin na n-aighneachtaí ar an 30 Samhain 2021 agus bhí 18,062 aighneacht bhailí bailithe - i bhfad níos mó ná sprioc de 10,000 a bhí againn. Bhí tacar sonraí luachmhar ag an Choiste Saineolaithe agus ag na seacht Meitheal chun anailís agus sintéis a dhéanamh, mar gheall ar an méid aighneacht curtha isteach.

Tugadh an bata agus caomhnóireacht ghuthanna na ndaoine ar aghaidh chuig an Choiste Saineolaithe faoi stiúrthóireacht ag an Ollamh Linda Hogan. Bhí an Coiste déanta amach saineolaithe ó raon leathan de dhisciplíní agus earnálacha taighde.

Rinne an Coiste Saineolaithe anailís agus ateangaireacht ar na smaointe arna tugadh isteach ag an phobal chun torthaí a tháirgeadh a raibh ar aon ghuth le tuairimí an phobail agus bunaithe ar na torthaí seo, forbraíodh moltaí chun cúrsaí taighde a spreagadh in Éirinn. Bunaíodh an Coiste Saineolaithe i mí Mheán Fómhair chun creatlach mhodheolaíochta agus pleananna cur chun feidhme s'acu a fhorbairt. Bunaíodh cúig Mheitheal, foireann anailísíochta agus foireann deartha taighde, faoi cheannas s'acu, chun tacaíocht a thabhairt ar anailís na n-aighneachtaí poiblí.

Bunaíodh na seacht meitheal seo, a bhí déanta amach as breis agus 70 saineolaí ó dhisciplíní éagsúla den phobal, d'fhiontair agus d'earnálacha neamhbhrabús fud fad na hÉireann agus tharr lear, i mí na Samhna agus bhí siad i bhfeidhm ó mhí na Nollag go dtí mí Eanáir. Rinne na meithleacha seo anailís as líne beo le grúpaí, chomh maith le sin, ghlac siad páirt i gcruinnithe grúpa fíorúla chun a gcuid oibre a phlé agus a bheachtú. Thug na Meithleacha faoi anailís ilchodach de mhodheolaíochtaí measctha ag úsáid modhanna de láimh agus dírithe ar theicneolaíocht. Is mar gheall ar an chomhcheangal iomlánach de na modhanna seo go raibh muid in ann machnamh iomadúil a dhéanamh ar gach uile aighneacht, beart a laghdaigh cibé claontacht a bhí ann agus chinntigh seo go raibh guth na hÉireann chun tosaigh sna torthaí. Is ansin gur fhorbair An Coiste Saineolaithe roinnt aschuir ó na Meithleacha agus chuir siad isteach i dtuarascáil uileghabhálach an Choiste Saineolaithe.

Bhí idirphlé comhuaineach ag tarlú leis an Fhóram Chomhairleach agus le Fochoiste an Fhóraim Chomhairligh ag an aon am céanna is a bhí an Coiste Saineolaithe i mbun oibre anailíse.

## Coiste Saineolaithe

**An tOllamh Linda Hogan**
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach)

### Foireann na hAnailísíochta Sonraí

**An tOllamh Barry Smyth,** Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Ceannasaí na Foirne Sonraí)

### Cúig Mheitheal Ildisciplíneacha

**An tOllamh Jose Bengoechea,** Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste (Cathaoirleach na Meithle A)

**An Dochtúir Lisa Ryan,** Ollscoil Teicneolaíocha an Atlantaigh (Cathaoirleach na Meithle B)

**An tOllamh David Farrell,** Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach na Meithle C)

**An tOllamh Brian Norton,** Ionad Taighde um Fhuinneamh Idirnáisiúnta, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Cathaoirleach na Meithle D)

**An tOllamh Anita Maguire,** Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Cathaoirleach na Meithle E)

### Foireann um Dhearadh Taighde

**An Bhean Lorna Ross,** VHI Sláinte & Folláine (Ceannasaí na Foirne Deartha agus Taighde)

### Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

**Dochtúir Niall Smith,** Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (Ceannasaí na Foirne Comhairligh)

CÁS-STAIDÉAR

## Cás-staidéar den Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta

Bhain 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' níos mó de gach cearn an domhain amach chun smaointe a fháil, agus an spás san áireamh! Ghlac daltaí ó Choláiste Naomh Leo, Ceatharlach, Coláiste Presentation, Ceatharlach agus Coláiste Tyndall, Ceatharlach páirt i bhfísghlao leithleach ar fad AFYS spásaire de chuid Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) ar líne leo agus an spásaire lonnaithe ar an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta agus chuir na daltaí an cheist ar an spásaire Gearmánach de chuid GSE Matthias Maurer faoi na rudaí a ba mhaith leis go ndéanfaidh taighdeoirí spás chun todhchaí níos fearr a bhaint amach don domhan. Dúirt Matthias gur mhaith leis go dtabharfaidh taighdeoirí aghaidh ar thimthriallta dúnta na dtáirgí, mar bíonn ról ar leith acu i gcúrsaí spástaistil agus ar an domhan araon. Ba mhaith le Matthias níos mó taighde a fheiceáil ar an spás sin idir an spáseitilt agus an fásach a fheabhsú, ar an domhan agus sa spás araon. Agus iad spreagtha ag Matthias, lean na daltaí leis an chomhrá agus thug siad a smaointe féin ar aghaidh chuig 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'.




**Chun rannpháirtíocht an phobail a uasmhéadú ní raibh gach réimse riachtanach uathu, seachas an bosca téacs don aighneacht féin.**

Bhí dhá réimse roghnacha ar fáil chun suíomh a ghabháil de réir contae agus raon aoise. Thug na pointí sonraí seo léargas breise ar na baill sin den phobal a roghnaigh an fhaisnéis sin a chur isteach.

Ach, bhí an méid is mó aighneachtaí in aghaidh an duine tugtha ó bhaill phoiblí ó **Chontae Cheatharlach**, is ansin Contae Shligigh, Contae na hIarmhí, Contae na Mí agus ansin Contae Ros Comáin

Ba é an t-aoisghrúpa leis na leibhéil is airde aighneachtaí ná **40 go 49** bliana d'aois agus bhí teagmháil shuntasach idir daoine idir **16 go 19** mbliana d'aois freisin.

# Ábhair Mhachnaimh

**Ba é 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ar an chéad ardán tobsmaointeoireachta dá leithead seo in Éirinn. Bhí ceachtanna foghlamtha againn ónár gcomhghleacaithe i dtíortha eile a chuaigh faoi bhearta cosúla faoi seach le blianta anuas. D'fhoghlaim muid ár gceachtanna féin ón bheart seo in Éirinn agus tá muid ag dúil go dtacófar na torthaí agus ábhair mhachnaimh seo le daoine eile agus iad ag tabhairt faoi aistir chosúla idir anseo sa tír nó thar lear anonn.**

## Daoine

- Bhí tábhacht shoiléir ann maidir le páirtíocht le raon mór de pháirtithe leasmhara ó thús an chláir. Baineadh seo amach trí Fhóram Comhairleach a bhunú, agus é a ghríosú roimh sheoladh poiblí an fheachtais. Chuidigh an Fóram Comhairleach linn teagmháil a dhéanamh le gach cearn den tsochaí, nach raibh páirt acu le hearnáil an taighde riamh.
- Ba é cinntiú na ceiste cirte don phobal ar an ghné is tábhachtaí agus an topaic a bhí i mbéal fhoireann an fheachtais go mór ag an tús. Forbraíodh an cheist le cur ar an phobal i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ag ceann de na imeachtaí 'neartú ar na maidí'. Is mar gheall ar an imeacht seo gur bhaineadh amach an cheist le cur ar an phobal, beart a chuaigh faoi ghrinnscrúdú an Fhóraim Chomhairligh agus grúpa samplach beag. Léirigh an próiseas tástála seo na torthaí criticiúla a chur leis an cheist dheireanach *"Inis dúinn do thuairimí agus do smaointe ar cad a ba chóir do thaighdeoirí na hÉireann a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a bhaint amach"*.
- Bhí muid ag dúil go mbeidh toilleadh ag na páirtithe leasmhara úsáid a bhaint as na teimpléid agus uirlisí a chur muid le chéile chun a n-imeachtaí agus seisiúin tobsmaointeoireachta féin a dhéanamh lena bpobal. I roinnt cásanna, tharla sé go raibh an fhoireann feachtais in ann ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh chun imeachtaí a chur ar an fhód. Thug muid seo faoi deara agus muid ag forbairt taithí tobsmaointeoireachta idirghníomhach nua i bhfoirm uirlis idirghníomhach ar líne ina gceadaíodh ár bhfoireann fheachtais seisiún tobsmaointeoireachta'Ag Múnlú ár dTodhchaí' (15 nóiméad) a chur le himeacht ar bith a bhí le tarlú nó trí é a úsáid mar chloch choirnéil d'imeachtaí nua de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'. Éascaíodh an ghné rannpháirtíochta breise é seo le bailiúchán na n-aighneachtaí breise mar aon le rochtain ar phobail.
- Ba iad an cuimsiú agus an rochtain mar phríomhphrionsabail treoracha maidir leis an fheachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'agus bhí siad le feiceáil i rith próiseas na cinnteoireachta agus pleanála thar fhoireann an chláir iomláin. Ba chriticiúil iad na prionsabail seo, mar aon leis an ghá chun simplíocht a bhaint amach agus chun castacht a laghdú, chun torthaí mianúla a bhaint amach i dtimpeallacht feachtais casta luaineach.
- Bhí géarghá maidir le húinéireacht don chlár ag gach aon leibhéal. Bhí Aire Rialtais i gceannas ar 'Ag Múnlú Ár dTodhchaí'. Is mar gheall ar cheannasaíocht ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara go raibh tionchar suntasach ann trína gcuid róil ar an Choiste Stiúrtha, an Fóram Comhairleach agus An Coiste Saineolaithe.
- Ag cinntiú go bhfuil foireann cláir a bhfuil dóthain acmhainní acu, mar aon le róil agus freagrachtaí sannta dóibh.
- Ba chriticiúil ar fad é luathbhunú agus luathghríosú an Choiste Saineolaithe, agus é déanta amach as meascán cuí de scileanna, cúlraí agus sinsearacht. Bhí machnamh maidir le cothromú ceart de chinnteoireacht agus gníomhaí de dhíth chun rath a chur ar an phróiseas.

## Próiseas

- Go hidéalach, ba chóir tréimhse deartha mór go leor a dhéanamh sula mbainfidh an próiseas céim an tseachadta a bhaint amach. Ag cur am ar leataobh chun an feachtas a dhearadh, go háirithe sa réimse maidir leis an lucht spéise éagsúil a thuiscint agus a bheith airdeallach ar, agus oscailte roimh mhúnlaí na rannpháirtíochta.
- Is mar gheal go raibh muid ag úsáid struchtúr agus modheolaíocht Oifig Bhainistíochta an Chláir chun an feachtas a lárú a fhad is go gcinnteofar go mbainfear na garspriocanna ónár gcuspóirí amach.
- Ag cothromú idir forbairt agus aontú na modhanna straitéiseacha cearta, mar aon le léim díreach isteach agus ag tástáil roghanna beartacha. Ba chóir tréimhse ama a chur ar leataobh chun straitéis agus plean na leibhéil mianta le haghaidh tionscnaimh beartacha in éadan toilleadh na n-acmhainní a bheartú.
- Cuideoidh comhordú le hardáin fadbhunaithe, nuair is féidir, mar aon le luchtanna spéise a rochtain. Mar shampla, brandáladh Seachtain na hEolaíochta 2021 mar 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' le gach ábhair feachtais tugtha don fhéile agus d'eagraithe imeachtaí agus scoileanna.




## Cainéil Cumarsáide

- Bhí ról lárnach ag an raidió áitiúil mar aon leis an raidió réigiúnach ó thaobh luchtanna spéise fud fad na tíre a mhealladh de agus bhí an raidió ar an infheistíocht is mó ó na meáin uile de dheasca líon na n-aighneachtaí faighte.
- Is cinnte go bhfuil an poitéinseal is fearr ag na meáin sóisialta i dtaca le hardú feasachta. I gcás go n-úsáidtear é ar aon ghuth le gníomhaíocht feachtais eile, go háirithe i dtreo lucht spéise agus téarma áirithe, thiocfadh suim nach beag a ghiniúint sa phobal, agus le sin tagann aighneachtaí breise.

## Sonraí

- Bhí buntábhacht i gceist anseo maidir leis an dóigh a mbailítear, a eagraítear, a stóráiltear agus a dhéantar anailís ar na sonraí ar fad. Bíonn cur chuige sonrach de dhíth ar smaointe i bhfoirm téacsanna saora, agus bhain muid úsáid as cur chuige ón bhun aníos agus ansin ón bharr anuas chun na sonraí a anailísiú. Bhí seo in ann aon chlaontacht a mhaolú agus thug sé seo deis dúinn tástáil a dhéanamh ar na torthaí téamacha le fáil amach an raibh siad ann go seasta thar an dá chur chuige thuas luaite. Ní mór teagmháil a dhéanamh le saineolaithe anailísíochta sonraí ag tús na céimeanna deartha den chur chuige anailíse.
- Cuirtear an-chathú ar an té chun sonraí breise ar fheachtas dá leithead seo a bhailiú. Le sin ráite, áfach, is cinnte go raibh an iarracht a bhí ann chun an chathú seo a dhiúltú, mar aon leis an iarracht a bhí ann chun simpliú próisis na n-aighneachtaí a chur in ord tosaíochta fhad is go bhfeabhsófar seansanna rannpháirtíochta, ina toradh maith é féin agus 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' in ann i bhfad níos mó aighneachtaí a fháil ná mar a bhí ag súil le (10,000).

# Buíochas

Thug cuid mhór daoine agus eagraíochtaí a gcuid ama agus acmhainní go deonach chuig 'Ag Múnlú ár dTodhchaí'. Rinne siad seo mar bhí siad den tuairim chéanna, gur tábhachtach an rud é deis labhartha a thabhairt don phobal agus do phobail araon i dtaca leis a gcuid sochaí. Ní bheadh an tionscnamh seo in ann tarlú gan an paisean agus gan an gealltanas arna tugadh acu siúd a rinne a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin chun comhoibriú a dhéanamh le foireann an fheachtais. Ba mhaith linn ár mbuíochas a thabhairt dóibh siúd a ghlac a gcuid ama chun a n-imeachtaí féin a eagrú agus chun idirphlé a thabhairt dá bpobail.

Bhí baill an Fhóraim Chomhairligh, faoi cheannas ag an Chathaoirleach, Julie Byrne, go mór chun tosaigh maidir leis an phobal a ghríosú agus aithnítear iad mar chuid lárnach den fheachtas.

I rith na tréimhse féiltiúla sin idir dheireadh mhí na Nollag agus tús mhí Eanáir, nuair a bhí cuid mhór daoine ag ligean a scíth, bhí an Coiste Saineolaithe (mar aon le 70 ball de na Meithleacha, treoraithe ag an Chathaoirleach Linda Hogan) i mbun anailíse déine ar na haighneachtaí. Síntear ár mbuíochas chuig na daoine sin a bhí chomh flaithiúil lena gcuid ama.

Tá muid thar a bheith buíoch as rannpháirtíocht ó bhaill an Oireachtais agus ó bhaill an rialtas áitiúla a thug cuairt chugainn ar cheann dár seónna bóithre. Gabhaimid buíochas ar leith chuig Teachta Denis Naughten, agus dá chaint éascaithe aige ar'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus taighde déanta aige le Baill an Oireachtais i rith an fheachtais. Tugtar buíochas do Sheanadóir Aisling Dolan chomh maith as a bheith mar bhean an tí do na seónna bóithre feachtais agus bhí sí i mbun imeacht tobsmaointeoireachta de chuid 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' a fhad is go gcloistear guthanna Bhéal Átha na Sluaighe.

Bhí Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gceannas ar an fheachtas 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' agus a mbaill fhoirne Rebecca Wilson, Ruth Kelly, Lorna O'Driscoll, Alva O'Cleirigh agus Peter Clifford i mbun sruthanna oibre áirithe, le Ciara Cotter mar cheannasaí, i bpáirtíocht le Havas Éireann. Feabhsaíodh na foirne feidhme seo trí bhallraíocht na bpáirtithe breise. Gabhaimid ár mbuíochas le Lia O'Sullivan (Cumann Ollscoileanna Éireann), Jennifer Kenneally (Acadamh Ríoga na hÉireann), Jackie Gorman (Conair an Atlantaigh), Ben Bleasdale (CaSE, RA) agus Emer Cahill (an Chomhairle um Thaighde in Éirinn) as a gcuid léargasanna agus comhoibrithe. Aithnímid an tacaíocht agus díograis shuntasach déanta ag ar intéirnigh OCBÁC a thug tacaíocht feidhme den scoth agus a bhí páirteach inár gcuid seónna bóithre fud fad na tíre.

D'fhág an tAire Simon Harris agus a gcuid Ranna an feachtas faoi chúram Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ár gcuid páirtithe. D'obair oifigigh na Ranna agus ár bhfoirne feidhme le chéile agus bhí rath nach beag. Gabhaimid buíochas ar leith chuig Tina Prendergast agus Eoghan Hanlon chomh maith.

Dearadh agus cuireadh 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' trí eolas d'imeachtaí cosúil le chéile a thit amach san am seo a chuaigh thart a leanúint. Gabhaimid ár mbuíochas lenár gcomhghleacaithe ag Fondúireacht Taighde Fhlóndras (FTF), go háirithe an Dr Gregory Absillis, an Dr Tinne Jacobs agus an Dr Isabelle Verbaeys as a gcuid foighne agus iad ag freagairt ár gceisteanna gan stad. Thug Michiel Nuytemans (páirtí Cláir Oibre Eolaíochta Fhlóndras de chuid FTF - Comhlacht Tree) treoir chuidiúil den scoth i ndáil leis an phróiseas anailíse. Bhí róil ar leith ag an Dr Jeanet Bruil, an Dr Floor Frederiks agus an Dr Colette Bos ó Chomhairle Taighde na hÍsiltíre (NWO) maidir le muidne a threorú trí luathchéimeanna an fheachtais agus ár míle buíochas as sin.

Ba iad Havas Éireann a thug 'Ag Múnlú ár dTodhchaí' ó script go stáitse. Bhain muid leas nach beag as a gcur chuige comhtháite, agus iad i gcónaí ag feidhmiú mar fhoireann comhoibritheach amháin. Agus iad faoi stiúir ag Stiúrthóir an Chláir, Dónal Browne, bhí an fhoireann Havas in ann raon mór de sheirbhísí a chomheagrú agus a sheachadadh; ó chúrsaí straitéise, an chruthaíocht agus na meáin go dtí athruithe gnóthaí, bainistíocht na bpáirtithe leasmhara agus dearadh suímh ghréasáin. Moltar spiorad na comhpháirtíochta idir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Havas Éireann go mór agus is mór an buíochas a bhfuil againn dóibh.

Sa deireadh thiar thall, gabhaimid ár mbuíochas le muintir na hÉireann as teacht chun tosaigh chugainn lena gcuid smaointe agus ábhair dhóchais don todhchaí.

# Aguisíní

## um Poist

| Eagraíocht | Ionadaí |
|---|---|
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, (Cathaoirleach) | Keith Moynes |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | Joseph Moore |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ciarán Seoighe |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ruth Freeman |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | Peter Brown |
| Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta | Jennifer Brennan |
| Cumann Ollscoileanna Éireann | Jim Miley |
| Saotharlanna Nokia Bell | Julie Byrne |

## Ballraíocht an Fhóraim Chomhairligh

| Ranna an Rialtais | |
|---|---|
| **Roinn** | **Ionadaí** |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | Anna Visser |
| An Roinn Oideachais | Dan Power |
| An Roinn Airgeadais | Aidan Murphy |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | Micheál Smith |
| An Roinn Sláinte | Chris Ryan agus Robert Murphy |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Josephine Prendergast |
| An Roinn Dlí agus Cirt, | Darragh Brennan |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Jenny Connors agus Luke Daly |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | Mark Ryan |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | Dermot Coates |
| Roinn an Taoisigh | Claire Hayes Curtin agus Sorcha Dempsey |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Deirdre Mahony |
| An Roinn Iompair | Claire Finn |
| Roinn Cosanta | Phillip Mudge |

| Páirtithe Taighde | |
|---|---|
| **Eagraíocht** | **Ionadaí** |
| Campus Engage | Kate Morris |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Noeleen McDonald |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | Marcus Breathnach agus Céline McHugh |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Justina Corcoran agus Robert Mooney |
| Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Eucharia Meehan |
| Fiontraíocht Éireann | Zara Lonergan |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Jonathan Derham |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | Koen Verbruggen |
| An Bord Taighde um Sláinte | Mairéad O'Driscoll |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Declan O'Hanlon |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | Tim Conlon |
| An tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde, Tithe an Oireachtais | Etaoine Howlett |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann | Chantelle Kiernan |
| Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann | Marie-Louise Coolahan agus Eugene McNulty |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | Eavan O'Brien |
| Cumann Ollscoileanna Éireann | Lisa Keating |
| Foras na Mara | Niall McDonough |
| Met Éireann | Patrick Fournet |
| Acadamh Ríoga na hÉireann | Daniel Carey |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Peter Clifford |
| SOLAS | Shauna Dunlop |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | Kerrie Sheehan |
| Teagasc | Jane Kavanagh |
| Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta | Mark White |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Brian O'Neill |
| Údarás na Gaeltachta | Mark de Faoite |

| Páirtithe Sochaíocha | |
|---|---|
| **Eagraíocht** | **Ionadaí** |
| Aoisghníomhaíocht Éireann | Celine Clarke |
| Comhlachais Tráchtála Mheiriceá | Mark Redmond |
| AONTAS | Niamh O'Reilly |
| An Chomhairle Ealaíon | Maureen Kennelly |
| Comhlachas Tráchtála na hÉireann agus na Breataine | John McGrane |
| Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann | Ian Talbot |
| Aeráid Éireann | Barry O'Dwyer |
| Comhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta (CICN) | Sandra Collins |
| Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach | Paula Butler |
| Cónaidhm na hÉireann um Míchumas | Riona Morris |
| Dóchas | Bobby McCormack |
| Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | Deirdre Robertson |
| Carthanas Taighde Sláinte Éireann | Avril Kennan |
| Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann | Claire McGee |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann | Damien McDonald agus Shane Whelan |
| Ardán Éireannach le haghaidh Eagraíochtaí Othair, Eolaíochta agus Tionscail (AÉEOET) | Shannon Karpinski agus Derick Mitchell |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | John Fulham |
| Kinia | Marianne Checkley |
| LADT Éireann | Paula Fagan |
| Ollscoil Mhaigh Nuad | Katriona O'Sullivan |
| Nasc - Cearta Imirceach agus Dídeanaithe | Fiona Hurley |
| An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh | Colleen Dube |
| Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | Áine Lynch |
| Comhairle Náisiúnta na mBan | Orla O'Connor |
| Comhairle Náisiúnta na nÓg | Marie-Claire McAleer |
| Ionad Pavee | Rosaleen McDonagh agus Lynsey Kavanagh |
| Spórt Éireann | Benny Cullen |
| An CLG | Pat Daly |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | Tomás Ó Ruairc agus Carmel Kearns |
| An Roth | Hugh O'Reilly |
| Aontas na Mac Léinn in Éirinn | Lorna Fitzpatrick agus Clare Austick |
| Ollscoil Luimnigh | Maura Adshead |

# Fochoiste an Fhóraim Chomhairligh

| Eagraíocht | Ionadaí | Crann taca an Fhóraim Chomhairligh |
|---|---|---|
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | Anna Visser | Ranna an Rialtais |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Micheál Smith | Ranna an Rialtais |
| An Bord Taighde um Sláinte | Mairead O'Driscoll | Páirtithe Taighde |
| Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Eucharia Meehan | Páirtithe Taighde |
| An Roth | Hugh O'Reilly | Páirtithe Sochaíocha |
| Comhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta | Sandra Collins | Páirtithe Sochaíocha |

## Ballraíocht an Choiste Saineolaithe

**An tOllamh Linda Hogan,** Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach an CS)

**An tOllamh Jose Bengoechea,** Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste (Cathaoirleach na Meithle A)

**An tOllamh David Farrell,** Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach na Meithle C)

**An Dr Orla Flynn,** Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (Cathaoirleach na Meithle B)

**An tOllamh Anita Maguire,** Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Cathaoirleach na Meithle E)

**An tOllamh Brian Norton,** Ionad Taighde um Fhuinneamh Idirnáisiúnta, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Cathaoirleach na Meithle D)

**Lorna Ross,** Sláinte agus Folláine VHI (Ceannasaí Foirne an Taighde Deartha)

**An Dr Niall Smith,** Ollscoil Teicneolaíocha na Mumhan (Ceannasaí Chaidrimh na bPáirtithe Leasmhara)

**An tOllamh Barry Smyth,** Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Ceannasaí na Foirne Sonraí)

## Ambasadóirí

**Shane O'Donnell,** Iománaí Chontae an Chláir, Scoláire Fulbright, Micribhitheolaí

**Emer O'Neill,** Láithreoir Home School Hub agus RTÉ Inniu, Múinteoir Corpoideachais, Feachtasóir Oideachais na bPáistí

**Luke O'Neill,** Cathaoirleach na Bithcheimice, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

**Emilie Pine,** Údar agus Ollamh na Drámaíochta Nua-aimseartha, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

## Baill na Glúine Z

**Jack O'Connor,** Fiontraí Sóisialta

**Megan O'Connor,**Leasuachtarán Aontais na Mac Léinn in Éirinn

**Adam Lambe,** Leasuachtarán Aontais Éireannaigh na Mac Léinn ar an Dara Leibhéal

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

CREATING OUR FUTURE

A National Conversation on Research in Ireland

www.creatingourfuture.ie